





## CLÁR

Ról agus feidhmeanna	4
Brollach	5
Tuairisc an Stiúrthóra	7
<b>1. Rialú na gairme</b>	<b>9</b>
<b>2. Caighdeán agus inniúlachtaí múinteoireachta mar aon le cáilíochtaí an teagaisc agus na foghlama sa Stát a chothabháil agus a fheabhsú</b>	<b>17</b>
<b>3. Cur chun cinn na múinteoireachta mar ghairm</b>	<b>21</b>
<b>4. Eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil a fhorbairt agus a chothabháil chun tacú le hobair na Comhairle</b>	<b>23</b>
<b>Aguisín 1</b>	
Struchtúr bainistíochta na Comhairle	29
<b>Aguisín 2</b>	
Baill na Comhairle	30
<b>Aguisín 3</b>	
Coistí, grúpaí agus painéil na Comhairle	32
<b>Aguisín 4</b>	
Costais bhall na Comhairle 2009	37
<b>Aguisín 5</b>	
Ráitis Airgeadais Iniúchta	39

## RÓL AGUS FEIDHMEANNA

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil i Márta 2006 mar an comhlacht rialála do ghairm na múinteoireachta.

Is í fíís na Comhairle Mhúinteoireachta go mbeidh an teagasc agus an fhoghlaim mar chroí aici agus í ag cur chun cinn, ag tacú le, agus ag rialú gairm na múinteoireachta.

Freastalóidh sí ar bharr mhaitheas an oideachais, i gcompháirt le páirtithe leasmhara eile, trí fheidhmiú don ghairm mar ghuth údarásach, a bhfuil meas uirthi, agus mar chaomhnóir ar chaighdeáin na múinteoireachta, ionas go mbainfear barr chleachtas amach ag gach pointe de chontanam oiliúna an mhúinteora.

Is iad seo a leanas, ar bhonn leathan, na feidhmeanna atá aici:

- Gairm na múinteoireachta a rialú
- Caighdeáin mhúinteoireachta, eolais, scile agus inniúlachta, a chothabháil agus a fheabhsú.
- Clár múinteoirí a bhunú agus a chothabháil
- Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí, ar a n-áirítear caighdeáin na múinteoireachta, an eolais, na scile agus na hinniúlachta a bhunú, a fhoilsiú, agus a athbhreithniú
- Forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí a chur chun cinn, agus
- An mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn.



Lily Cronin  
Cathaoirleach

## BROLLACH

A Chairde,

Déanann an tuairisc bhliantúil athbhreithniú ar obair na Comhairle Mhúinteoireachta sa bhliain dár críoch 27 Márta 2010. Rinne mo réamhtheachtaí, Pat McQuaile cathaoirleacht ar an gComhairle don bhliain uile ar a ndéantar tuairisciú agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair atá déanta aige agus ag mo chomhbhail Chomhairle i ngeall ar na héachtaí suntasacha atá bainte amach le linn na tréimhse sin.

Dob é ceann de na mór-éachtaí sin foilsiú *Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárúchán]* i mí na Samhna 2009, a rinne cur síos ar na Rialacháin iontrála do mhúinteoirí ar mian leo a bheith cláraithe. Cruthaíonn na rialacháin aonfhoirmeacht bhreise ar an gclárúchán agus ar na riachtanais iontrála chuig gairm na múinteoireachta ag leibhéal an bhunoideachais, an iarbhunoideachais agus an bhreiseoideachais. I measc na bhforálacha sna rialacháin tá an riachtanas a éilíonn, ó Aibreán 2013, go mbeidh cáilíocht fhaofa oideachais múinteora ag gach múinteoir nua ar a n-áirítear iad siúd in earnálacha an Choiste Ghairmoideachais agus an bhreiseoideachais. Tá an t-ádh linn in Éirinn go mbíonn ardchaighdeán ag iontrálaithe chuig gairm na múinteoireachta agus cuideoidh na rialacháin linn an caighdeán sin a chosaint.

Caithfear tógáil ar na hardchaighdeáin iontrála trí ardcháilíocht oideachas múinteora a dheimhniú dóibh siúd a bhíonn ag dréim leis an múinteoireacht. Tá ról na Comhairle Mhúinteoireachta, in athbhreithniú agus i gcreidiúnú na gclár d'oideachas tosaigh múinteoirí, an-tábhachtach sa chomhthéacs seo. Baineann an creidiúnú gairmiúil lena dheimhniú go n-ullmhaíonn na cláir a gcuid céimithe mar is cóir don iontráil chuig gairm na múinteoireachta agus do sheomraí ranga an 21ú haois. Déanfaidh an obair seo caighdeán a chosaint ag an mbonnchéim thábhachtach. Tá, diaidh ar ndiaidh, tuiscint ag méadú nach san Oideachas Tosaigh Múinteoirí amháin is féidir an fhoghlaim ar theagasc a bhaint amach, agus beidh ról na Comhairle san ionduchtú agus san fhorbairt ghairmiúil leanúnach chomh tábhachtach céanna. Fáiltím roimh an fógra le déanaí ón Aire Oideachais agus Scileanna go gcuirfear tús le feidhmeanna na Comhairle i leith ionduchtaithe agus promhaidh le héifeacht ó Mheán Fómhair 2012.

Beidh mé ag tnúth lena leithéid chéanna d'fhógra faoi ról na Comhairle maidir leis an bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach agus sinn ag cur chun cinn contanam leanúnach oideachas múinteoirí.

Alt tábhachtach eile den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 ná Alt 30, a bhaineann leis an riachtanas atá ann a bheith cláraithe. Tá tús feidhme Ailt 30 á mholadh ag an gComhairle le tamall agus is cúis áthais dom gur go luath a chuirfear i bhfeidhm é. Tá sé tugtha le fios go gcuirfear i bhfeidhm Alt 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, a thugann cumhachtaí don Chomhairle iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin faoin oiriúnacht don teagasc mhúinteoirí cláraithe, tar éis tús feidhme Ailt 30 agus fáiltítear roimh a leithéid seo freisin, toisc gur cuid riachtanach d'obair na Comhairle é muinín an phobail as an ngairm a chothabháil.

Ardaíodh an líon múinteoirí in Éirinn os cionn 70,000, agus is céim mhór chun tosaigh í seo i bhforbairt na múinteoireachta mar ghairm. Ciallaíonn sé freisin gur dúshlán méadaitheach é dul i gcumarsáid go héifeachtach le gach múinteoir cláraithe, agus táim muiníneach go gcuideoidh Daoine Teagmhála na Comhairle Mhúinteoireachta i scoileanna leis an dúshlán seo a shárú. Agus an tuairisc seo á chur i gcló, tá duine teagmhála ainmnithe ag breis agus 1,300 scoileanna. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do na múinteoirí sin uile a thoiligh feidhmiú mar Dhaoine Teagmhála ina gcuid scoileanna.

Ní féidir liom an nóta brollaigh seo a chríochnú gan ómós a léiriú do chara agus do chomhghleacaí dílis atá imithe ar shlí na fírinne. Bhí Ciarán Ó Drisceoil, múinteoir iar-bhunscoile a bhí ar scor, mar bhall den Chomhairle Mhúinteoireachta. Ceapadh é ar an gcéad Chomhairle in 2005 mar ainmní de chuid an Aire agus ba chúis áthais dó go ndearnadh é a athcheapadh ar an gComhairle i mí Márta 2009. Bhain sé an-sásamh as a chuid oibre mar bhall, agus ba í an fhís a bhí aige don Chomhairle ná go gcuideodh sí le gairm na múinteoireachta an meas atá tuillte aici a bhaint amach. Bhí mé páirteach le Ciarán i roinnt coistí agus bhí ardmheas i gcónaí ar an ngaois agus ar an macántacht a léirigh sé. Mar aon leis sin, ba mhaith an comhluadar é, agus chuir sé go mór le spiorad an chairdis agus na comhghuaillíochta a d'fhás agus a chothaigh an Chomhairle ag an tús, rud a leanann go dtí an lá inniu.

Táim faoi chomaoin freisin ag mo chomhbhaill ar an gComhairle i ngeall ar a dtiomantas seasmhach i gcaitheamh na bliana agus iad ag freastal ar bharr leasa an oideachais trí ghairm na múinteoireachta a chur chun cinn, a thacú agus a rialú. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin do bhaill na Comhairle, faoi cheannasaíocht Áine Lawlor, a thacaíonn go leanúnach, ag ardleibhéal díograis agus gairmiúlachta, le hobair na Comhairle.

Thar ceann mo chomhbhall ar an gComhairle, molaim an tuairisc seo daoibh.

Lily Cronin,  
*Cathaoirleach*



Áine Lawlor

*Príomhfheidmeannach/  
Stiúrthóir*

## TUAIRISC AN STIÚRTHÓRA

Seo a leanas léargas gearr ar obair na Comhairle le linn na bliana ar a ndéantar tuairisciú (28 Márta 2009 go 27 Márta 2010).

Le linn na bliana, foilsíodh Rialacháin [Clárúcháin] na Comhairle Mhúinteoireachta, 2009. Leagann na rialacháin amach riachtanais an chláirúcháin do gach ceann de na hearnálacha teagasc lena dheimhniú go ndéantar ardchaighdeán iontrála chun na gairme a chothabháil. Ar 27 Márta 2010 bhí 68,313 múinteoirí ar Chlár na Múinteoirí, ar a n-áirítear 6,118 múinteoirí nua-chláraithe agus 3,133 acu siúd ina gcéimithe nua-cháilithe. Baineadh 2,942 múinteoirí den chlár faoi alt 34(1) agus dhíchláraigh 1,372 múinteoirí go deonach faoi alt 35(1). Múinteoirí ar scor den chuid is mó a bhí sa ghrúpa deireanach.

Leanadh, i gcaitheamh na bliana, ar an obair maidir le polasaí na Comhairle a fhorbairt don chontanam ar oideachas múinteoirí a thrasnaíonn oideachas tosaigh múinteoirí, an t-ionductú, agus an fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar dhréacht straitéis na Comhairle don athbhreithniú agus don chreidiúnú gairmiúil ar chláir d'oideachas tosaigh múinteoirí. Sa bhliain tuairiscithe rinneadh póilótú ar an bpróiseas le hathbhreithniú ar an gcreidiúnú do cheithre chlár oideachais thosaigh múinteoirí. Tá na ceithre hathbhreithniú críochnaithe anois agus tá na tuairiscí ar fáil ar [www.oide.ie](http://www.oide.ie)

Lean Coistí Imscrúdaithe agus Araíonachta na Comhairle ag ullmhú do thús feidhme na Comhairle don oiriúnacht don teagasc. Rinneadh Rialacha um Nós Imeachta do Phainéil Araíonachta a dhréachtú agus a chur ar aghaidh chuig an Aire Oideachais. Lean athbhreithniú leanúnach na Comhairle i gcaitheamh na bliana ar na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí, a foilsíodh don chéad uair in 2007. Mar chuid dá tríú scéim sparánachtaí, bhronn an Chomhairle 28 sparánachtaí taighde le móriomlán €99,250. I mí Mheán Fómhair 2009 fógraíodh an ceathrú scéim a dúnadh i mí Eanáir 2010. D'fhreastail an Chomhairle ar roinnt taispeántas gairme chun bolscaireacht a dhéanamh ar an múinteoireacht mar ghairm. Mar aon leis sin, fáiltíodh roimh thairiscintí don dearadh ar láithreán gréasáin nua, [www.teach.ie](http://www.teach.ie), a bhfuil sé mar aidhm aige an mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn, dearcadh dearfach a chothú i

leith na múinteoireachta agus daoine a chur ar an eolas faoi bhealaí iontrála chuig cláir oideachais múinteoirí. Tugadh cuireadh do mhúinteoirí páirt a ghlacadh i ngrúpaí fócais i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh i mí Mheán Fómhair 2009 ar mhaithe le heolas a chur ar fáil do dhearadh agus d'ábhar an láithreáin gréasáin. I rith na bliana thug an Chomhairle cuireadh do mhúinteoirí a bheith mar Dhaoine Teagmhála na Comhairle Mhúinteoireachta, agus iad ag feidhmiú mar nasc idir an Chomhairle agus scoileanna. Cuideoidh na múinteoirí seo leis an gComhairle a dheimhniú go ndéantar foilseacháin agus eolas eile a dháileadh ar mhúinteoirí na scoile.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Pat McQuaile, Cathaoirleach le linn na tréimhse tuairiscithe, Lily Cronin, an Cathaoirleach reatha, agus le gach ball den Chomhairle dá dtiomantas, dá bpáirtíocht agus dá gcomhoibriú le hobair na Comhairle. Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin d'fhoireann na Comhairle, i ngeall ar an díograis, an ghairmiúlacht agus an dúthracht atá léirithe acu agus aitheantas a thabhairt dóibh dá bharr sin. Is mian liom buíochas a chur in iúl don líon mór múinteoirí ar chas mé leo ag cruinnithe, ag comhdhálacha agus i scoileanna, as a bpáirtíocht leis an gComhairle agus tá súil agam, sna míonna agus sna blianta atá le teacht, go méadóidh tuiscint mhúinteoirí de réir a chéile ar an úinéireacht atá acu ar an gComhairle mar a gcomhlacht gairmiúil féin.

Gach rath oraibh.

Áine Lawlor,  
*Príomhfheidhmeannach/Stiúrthóir*



## 1. Rialú na Gairme

Faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, is iad príomhréimsí freagrachta na Comhairle maidir leis an gclárúchán agus an rialú ar ghairm na múinteoireachta ná:

- Clár na Múinteoirí a Chothabháil
- Na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a chur chun cinn
- Iníúchadh a dhéanamh ar oiriúnacht mhúinteoir cláraithe don teagasc.

### 1.1. Clár na Múinteoirí a Chothabháil

#### 1.1.1. Staidreamh Clárúchán

Bíonn an clárúchán mar chomhartha don aitheantas gairmiúil mar mhúinteoir agus cinntíonn sé go ndéantar caighdeán ghairmiúla don iontráil chun na gairme a chothabháil. Ag deireadh na bliana tuairiscithe ba é móriomlán na múinteoirí a bhí cláraithe ar an 27 Márta ná 68,313 (Tábla 1).

Sa bhliain ar a ndéantar tuairisciú, cláraíodh 6,118. As an iomlán de mhúinteoirí a cláraíodh as an nua i rith na bliana, ba chéimithe iad 3,133 múinteoirí (Tábla 1). Ba é an móriomlán a chláraigh, nach múinteoirí cáilithe úrnua iad, ná 2,985 (Tábla 1).

I gcomparáid leis an bhliain tuairiscithe 2008/2009 tá uimhir na gcláraithe nua 2,913 níos lú ná an bhliain roimhe sin (féach Tábla 1).

Mar is léir ó Tábla 1, baineadh 2,942 múinteoirí de Chlár na Múinteoirí i rith na bliana. Mar aon leis sin, d'éiligh 1,372 múinteoirí go mbainfí a n-ainmneacha den chlár, agus bhí a bhformhór siúd ag dul ar scor. As an 2,942 cláraithe a baineadh den Chlár, rinne 711 (nó 11%) athiontráil ar an gClár sa bhliain tuairiscithe.

Toisc a chuireann le titim in uimhreacha na gcláraithe ná na gnásanna fostaithe a cuireadh i bhfeidhm i 2008 ag an Roinn Oideachas agus Scileanna d'earcú agus d'ardú céime mhúinteoirí a bhí mar dhlúthchuid den riachtanas don chlárúchán. Bhí uimhir na gcláraithe níos airde sa bhliain tuairiscithe roimhe sin, 2008/2009, de thoradh an riachtanais sin agus tháinig leibhéaladh air sin sa bhliain reatha (2009/2010). Mar sin féin, tá méadú i

gcónaí ar an líon iomlán múinteoirí a chláraítear (féach Figiúr 1).

**Tábla 1: Staitisticí Clárúcháin do bhliain na tuairisce, 28 Márta 2009 go 27 Márta 2010**

	2009/2010	2008/2009
Cláraithe ag tús na bliana (28 Márta)	66,509	59,487
Céimithe nua	3,133 <sup>1</sup>	2,907 <sup>2</sup>
Múinteoirí eile nua-chláraithe	2,985	6,124
Neamh-athnuachan ar chlárúchán	(2,942)	(1,719)
Bainte go deonach <sup>3</sup>	(1,372)	(290)
Cláraithe ag deireadh na bliana (27 Márta)	68,313	66,509

**Tábla 2: Clárúcháin Nua de réir Earnála Oideachais, 28 Márta 2009 go 27 Márta 2010**

Earnáil Oideachais	Líon Múinteoirí
Bunoideachas (4-12 bliana)	3,190
Iar-bhunoideachas (12-18 bliana)	2,180
Iar-bhunoideachas (Earnáil CGO amháin)	312
Breisoideachas (Earnáil CGO)	378
Montessori agus catagóirí eile	122
<b>Iomlán</b>	<b>6,182<sup>4</sup></b>


1 Aistríodh na torthaí ceann chúrsa do 3,457 mac léinn oideachas múinteora ó na hInstitiúidí Ardoideachas go dtí an Chomhairle. Astu seo, chomhlánaigh 3,133 an próiseas do chlárúchán céimithe.

2 Aistríodh na torthaí ceann chúrsa do 3,351 mac léinn oideachas múinteora ó na hInstitiúidí Ardoideachas go dtí an Chomhairle. Astu seo, chomhlánaigh 2,907 an próiseas do chlárúchán céimithe.


3 Mar shampla, is féidir le múinteoirí atá éirithe as iad féin a bhaint go deonach den Chlár.

4 Le linn na bliana ar a ndéantar tuairisciú, tháinig 6,118 isteach ar an gClár. Rinneadh 32 múinteoirí a chlárú ar bhonn cáilíochtaí i níos mó ná earnáil oideachais amháin. Tarlaíonn mar thoradh go bhfuil 64 taifid bhreise i dTábla 2. .

Figiúr 1: An líon iomlán múinteoirí cláraithe don bhliain tuairiscithe (27 Márta – 28 Márta)




Figiúr 2: Próifíl aoise na múinteoirí cláraithe ar an 27 Márta 2010



Figiúr 3: Inscne na múinteoirí cláraithe ar an 27 Márta 2010

Múinteoirí de réir Inscne (gach earnáil)	
Fireannaigh	15556
Baineannaigh	52744
Gan aon sonraí	53
	<b>68353</b>



### 1.1.2. Rochtain ar an gClár

Tá saoráid Cuardaigh an Clár ar [www.oide.ie](http://www.oide.ie) a chheadaíonn do bhall an phobail a fháil amach an bhfuil múinteoir cláraithe. Baintear úsáid as an ngné seo 400 uair sa tseachtain ar an meán.

Moltar d'fhostóirí dul i gcomhairle leis an tsaoráid ar líne Cuardaigh an Clár chun stádas reatha clárúcháin múinteora a aimsiú. Is féidir leis an bhfostóir ainm nó uimhir chláráithe an mhúinteora a chur isteach sa tsaoráid. Má chuireann an cuardach taifead cláraithe ar fáil, bíonn an múinteoir leis an uimhir chláráithe sin cláraithe ag an am sin. Má chuireann an cuardach an iomarca taifead ar fáil, is féidir an cuardach a theorannú tuilleadh tríd an rannóg oideachais a roghnú.

Tugann an tsaoráid Rochtain Múinteora Cláraithe cead do mhúinteoirí a gclárúchán a athnuachan, agus a dtáille clárúcháin athnuachana a íoc ar líne. Roghnaigh suas le 18,000 múinteoirí an deis seo, rud a chur go mór le héifeacht an riaracháin trí laghdú a dhéanamh ar an doiciméadú a tháinig chuig oifigí na Comhairle. Tugann an tsaoráid Rochtain Múinteora Cláraithe cead do mhúinteoirí an t-eolas go léir atá coimeáda ar an gClár fúthu a aimsiú, agus tugann sé deis do mhúinteoirí uasdátú a éileamh ar a sonraí pearsanta nó ar a sonraí

fostaíochta. Le linn na tréimhse ar a ndéantar tuairisciú d'éiligh 6,500 múinteoirí uasdátú ar a gcuid sonraí tríd an gcomhéadan seo.

### 1.1.3. Rialacháin Clárúcháin

Ar 18 Samhain 2009, foilsíodh Rialacháin [Clárúchán] na Comhairle Mhúinteoireachta 2009. Tugann na Rialacháin aonfhoirmeacht bhreise do na riachtanais iontrála chuig gairm na múinteoireachta ag leibhéal an bhunoideachais, an iar-bhunoideachais agus an bhreisoideachais.

I measc na bhforálacha atá sna Rialacháin tá riachtanas a éilíonn, ó Aibreán 2013, go mbeidh ar gach múinteoir nua in earnálacha an CGO agus an bhreisoideachais cáilíocht oideachas múinteora aitheanta a bheith acu.

Baineann cúig shraith rialachán ar leith leis na Rialacháin Clárúcháin. Sa chéad cheann acu sin leagtar amach na catagóirí eolais a choimeádfaidh an Chomhairle maidir le gach múinteoir cláraithe agus na forálacha a bhaineann leis an gClár a bheith ar fáil don iniúchadh. Déantar rianú ann freisin ar an bhfianaise ar dhea-charachtar is gá don cheadú ar Chlár na Múinteoirí. Mar aon le seiceáil an Gharda Síochána, éilítear ó dhaoine ar mian leo a bheith cláraithe mar mhúinteoirí in Éirinn dearbhú a sholáthar maidir le haon chiontuithé coiriúla a cláraíodh ina gcoinne nó maidir le haon torthaí araíonachta a eisíodh ó aon chomhlacht gairmiúil, aon chomhlacht rialála, nó aon fhostóir in Éirinn nó thar lear.

Déanann Rialacháin 2, 4 agus 5 na caighdeáin iontrála sna hearnálacha bunoidéachais, iar-bhunoideachais agus breisoideachais faoi seach a rianú, agus leagtar amach i Rialachán 3 na riachtanais iontrála do mhúinteoirí Montessori agus do mhúinteoirí le saincháilíochtaí cuí ar nós iad siúd is gá chun foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a mhúineadh.

Tionóladh seimineár eolais faoi na Rialacháin Clárúcháin ar 3 Feabhra 2010. D'fhreastail breis agus 150 ionadaí ó chomhpháirtithe an oideachais ar an seimineár, ar a n-áirítear ceardchumann, Institiúidí Ardoideachais (IíAO), an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, na CGO, Ionaid Oideachais, agus eagraíochtaí bainistíochta.

Tá fáil ar na Rialacháin Clárúcháin le híoslódáil ó [www.oide.ie](http://www.oide.ie).

### 1.1.4. Clárú Múinteoirí

Caithfidh gach iarratasóir don chlárú a dheimhniú go sásaíonn siad rialacháin cláraithe do Rialachán 1 Rialacháin [Clárúcháin] na Comhairle Mhúinteoireachta 2009 mar aon leo siúd atá leagtha síos sa rialachán ábhartha don earnáil lena mbaineann siad, m.sh. Rialachán 2 don bhunoideachas; Rialachán 4 don iar-bhunoideachas. Déantar gach iarratas don chlárúcháin a mheas go haonarach.

- **Céimithe nua-cháilithe ó Institiúidí Ardoideachais**

Tugtar aitheantas go huathúil don chlárúcháin do cháilíochtaí na gcéimithe ó chlárú aitheanta oideachais tosaigh múinteoirí atá á soláthar ag Institiúidí Ardoideachais (ÍIAO) in Éirinn.

Tá forbairt bhreise déanta ag an gComhairle ar a próiseas clárúcháin do Múinteoirí Nua-cháilithe (MNC) agus leanadh ag tabhairt cuairte ar mhic léinn sa bhliain dheireanach dá gclár oideachais múinteoirí. Tugadh 23 cuairteanna ar Institiúidí Ardoideachais i gcaitheamh na bliana. Iarrtar orthu freisin cead a thabhairt dá gcuid Institiúidí Ardoideachais a dtorthaí a aistriú go díreach go dtí an Chomhairle Mhúinteoireachta. Éascaíonn sé seo clárúcháin múinteoirí in am do thús an chéad téarma scoile san Fhómhar.

Mhéadaigh an líon MNC a chuir isteach ar an gclárúcháin sa bhliain tuairiscithe go 3,133, ionann agus méadú 7.3% thar mar a bhí sa bhliain tuairiscithe roimhe sin (féach Tábla 1).

- **Múinteoirí a cháiligh ó Institiúidí Ardoideachais in Éirinn roimh an bhliain reatha**

Is féidir le hiarratasóirí a bhfuil cáilíochtaí bronnta orthu in Éirinn, nach céimithe nua iad agus ar mian leo tosú, nó filleadh, ar an múinteoireacht tar éis tréimhse fhada as láthair (m.sh. briseadh gairme) iarratas a chur faoi bhráid na Comhairle Mhúinteoireachta don chlárúcháin.

- **Múinteoirí cáilithe taobh amuigh d'Éirinn ach laistigh den AE/LEE**

De réir mar atá i dTreoir AE 2005/36/EC ar chomhaitheantas cáilíochtaí, is í An Chomhairle Mhúinteoireachta an t-údarás aitheanta in Éirinn don mheasúnú ar iarratais don chlárúcháin ó dhaoine atá aitheanta mar mhúinteoirí i dtíortha AE/LEE. Caithfidh iarratasóirí na critéir mar atá i Rialacháin [Clárúcháin] na Comhairle Mhúinteoireachta 2009 a shásamh.

- **Múinteoirí cáilithe lasmuigh den AE/LEE**

Déantar gach iarratas do mhúinteoirí cáilithe lasmuigh den AE/LEE a mheas ar bhonn aonair. D'fhéadfaí clárú a bhronnadh de réir coinníollacha clárúcháin. Caithfear freagairt do na coinníollacha laistigh de fhráma ama ar leith. Is í An Chomhairle Mhúinteoireachta an t-údarás ainmnithe in Éirinn don mheasúnú ar cháilíochtaí múinteoireachta agus deimhniú sí go sásaíonn na cáilíochtaí na critéir mar atá leagtha amach i Rialacháin [Clárúcháin] na Comhairle Mhúinteoireachta 2009.

Léiríonn Tábla 3 líon na hiarratais a tháinig don mheasúnú ar cháilíocht (ar a áirítear cáilíochtaí a fuarthas ar mhaithe le céim a mheas chun ábhar a theagasc).

**1.1.5. Teastais Chlárúcháin**

Eisítear Teastais Chlárúcháin chuig múinteoirí lán-chláraithe de réir Ailt 21 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Is doiciméad luachmhar é an teastas agus is eisiúint aon uaire a bhíonn ann. Faigheann múinteoirí a bhíonn cláraithe go coinníollach leis an gComhairle Mhúinteoireachta teastas clárúcháin nuair a shásaítear na coinníollacha clárúcháin. Taobh le taobh le seo, faigheann múinteoirí cláraithe cárta ballraíochta bliana a bhíonn mar chruthúnas ar a gclárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Tá liosta na gCeisteanna Coitianta faoi theastais clárúcháin, ar fáil ar [www.oide.ie](http://www.oide.ie)

I mí Feabhra 2010, thosaigh an Chomhairle ar an bpróiseas ar theastais clárúcháin a eisiúint chuig múinteoirí atá cláraithe gan choinníollacha. Ag an am sin eisíodh 55,295 teastais. Mar aon leis sin, rinneadh teagmháil le 2,496 múinteoirí a ndearnadh a sonraí a aistriú ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar 28 Márta 2006 (dáta bunaithe na Comhairle) lena mhíniú go ndéanfaí a dteastas clárúcháin a chur ar athlám go dtí go mbeadh fáil ar na sonraí ar fad a bhain lena gcuid cáilíochtaí. Astu seo, chuir 1,417 múinteoirí sonraí a gcáilíochtaí ar fáil don Chomhairle agus eisíodh

teastais chlárúcháin chucu siúd ina dhiaidh sin. Bhí thart ar 9,000 múinteoirí a bhí cláraithe go coinníollach leis an gComhairle nach bhfuair teastas clárúcháin. Gheobhaidh na múinteoirí seo teastas clárúcháin nuair a bheidh na coinníollacha clárúcháin uile sásaithe acu.

**1.1.6. Tréimhse Oiriúnaithe nua chun freastal ar Riachtanas na Gaeilge**

De réir mar atá i dTreoir AE 2005/36/EC, caithfear rogha a chur ar fáil d'iarratasóirí, a bhfuil sé de dhualgas orthu an cháilíocht i leith na Gaeilge a chomhlíonadh, is é sin rogha idir Triail Inniúlachta nó Tréimhse Oiriúnaithe. Cuireadh an Tréimhse Oiriúnaithe ar fáil ag an gComhairle mar chomhtharlú le foilseachán Rialacháin [Clárúchán] na Comhairle Múinteoireachta 2009 (féach 1.1.3.).

Forbraíodh é i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus le Coláiste Mhuire Marino, agus tugtar Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (OCG) air.

Is é Coláiste Mhuire, Marino ([www.ilrweb.ie](http://www.ilrweb.ie)) a dhéanann an rogha ar Thriail Inniúlachta mar atá (Scrúdú Cáilíochta sa Ghaeilge nó SCG) agus ar an Tréimhse Oiriúnaithe (OCG) a láimhseáil.

**Tábla 3: Iarrachtaí don mheasúnú ar cháilíochtaí**

<b>Cineál iarratais</b>	<b>Líon na n-iarratas a fuarthas 28 Márta 2009 go 27 Márta 2010</b>	<b>Líon na n-iarratas a fuarthas 28 Márta 2008 go 27 Márta 2009</b>
<b>Bunleibhéal</b>		
iarratais aonair	413	654
iarratais ó sholáthróirí tríú leibhéal d'aitheantas cláir	1	0
<b>Iar-bhunleibhéal</b>		
iarratais aonair – iar-bhunleibhéal príomhshrutha	492	699
iarratais aonair – breisoideachas	395	791
iarratais ó sholáthróirí tríú leibhéal d'aitheantas cláir	19	12
An líon iomlán iarratas a fuarthas don mheasúnú ar cháilíochtaí	1,320	2,156

Maidir le hiarratasóirí nua don chlárúchán, nuair a chuirtear Riachtanas na Gaeilge i bhfeidhm mar choinníoll, caithfidh iarratasóirí ceann den dá rogha, an SCG nó an OCG, a chomhlíonadh go sásúil laistigh d'uasthéarma 3 bliana, mar atá dlite i dTreoir an AE. I gcás go dteiptear ar a leithéid a dhéanamh, d'fhéadfadh an clárú dul i léig. Is athrú suntasach é seo ón gcleachtas a bhí ann cheana nuair a bronnadh aitheantas teoranta, mar atá sainmhínithe in Imlitir na Roinne Oideachais agus Eolaíochta 25/00, orthu siúd nár éirigh leo Riachtanas na Gaeilge a shásamh.

Scríobh an Chomhairle chuig 957 múinteoirí cláraithe, a bhfuil coinníoll do Riachtanas na Gaeilge curtha lena gclárúchán, agus cuireadh iad ar an eolas faoin dTréimhse Oiriúnaithe nua i mí na Samhna 2009. Iarradh ar na múinteoirí seo a dheimhniú faoi 20 Nollaig 2009 an rogha ab fhearr leo maidir leis an gcoinníoll a shásamh (i.e. Tréimhse Oiriúnaithe nó Triail Inniúlachta).

### 1.1.7. *Fianaise ar Charachtar*

Caithfidh iarratasóirí ar mian leo clárú mar mhúinteoirí riachtanais na Comhairle maidir le Fianaise ar Charachtar, i measc rudaí eile, a shásamh. Is iad sin:

1. Litir mholta ar charachtar a sholáthar ó dhuine cuí cáilithe;
2. Dul trí phróiseas do Sheiceáil an Gharda Síochána agus, i gcás iarratasóirí a bhfuil tréimhsí suntasacha caite acu ina gcónaí thar lear, imréiteach póilíní iasachta a sholáthar.

Taobh le taobh lena ról ar fhianaise carachtair a éileamh mar chuid de phróiseas an chlárúcháin, déanann an Chomhairle comhordú freisin ar shocruithe seiceála na nGardaí do mhúinteoirí nua a bhíonn ag dul isteach sa mhúinteoireacht. Ó thús na bliana acadúla 2006/2007, de réir Imlitreach 0094/2006 na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, tháinig an réamhsheiceáil mar choinníoll fostaíochta do mhúinteoirí nua agus d'fhostaithe eile a mbíonn fáil gan feitheoireacht acu ar pháistí agus ar dhaoine fásta leochaileacha. Is ionann 'múinteoirí nua' agus iad siúd atá nua-cháilithe nó atá ag filleadh ar an tseirbhís tar éis tréimhse trí bliana. Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta mar an comhlacht údarásaithe a dhéanann an tseiceáil ar a leithéid de mhúinteoirí a phromhadh.

I mí na Nollag 2008, thionóil an Chomhairle cruinniú de na comhpháirtithe uile a raibh spéis acu san fhorbairt ar phróiseas do réamhsheiceáil an Gharda do na múinteoirí cláraithe uile a bhí sa tseirbhís roimh bhunú Na Comhairle Mhúinteoireachta in 2006, agus nár tháinig fós faoi scáth sheiceáil an Gharda Síochána. Bunaíodh Grúpa Oibre ag an am sin a bhfuil dul chun cinn suntasach déanta aige maidir le córas seiceála a chur i bhfeidhm don uile mhúinteoir.

Ar mhaithe leis an bpróiseas d'iarratas seiceála an Gharda Síochána a shimpliú, tá rogha ar líne á fhorbairt ag an gComhairle agus táthar ag súil go mbeidh sé seo i bhfeidhm sa bhliain 2011. Idir an dá linn tá leasú déanta, i gcomhpháirt le Lárionad Seiceála an Gharda Síochána, ar an bhfoirm iarratais do sheiceáil an Gharda Síochána ionas go mbeidh sé níos éasca í a úsáid.

Sa bhliain tuairiscithe chomhlánaigh 8,181, i gcás 73 múinteoirí nua-cháilithe a raibh an próiseas ar fhianaise carachtair comhlánaithe acu, tháinig nochtadh chun solais ó Lárionad Seiceála an Gharda Síochána maidir le ciontuithe nó imchúisimh agus cuireadh iad seo faoi bhráid Painéal na Comhairle ar Fhianaise Carachtair dá bhreithmheas. Agus iad ag baint úsáide as treoirlínte atá faofa ag an gComhairle Mhúinteoireachta, déanann an Painéal cinneadh maidir le hábharthacht a leithéid de chiontú ar oiriúnacht mhúinteora don chlárú. Mar aon leis sin, rinne an Painéal breithmheastóireacht freisin ar líon beag torthaí araíonachta ó chomhairlí múinteoireachta nó óna leithéid de chomhlachtaí gairmiúla i ndlínsí eile. Níor diúltaíodh cead ar an gClár, mar thoradh ar an bhfianaise ar charachtar, d'aon mhúinteoir le linn na bliana ar a bhfuil tuairisciú á dhéanamh.

Tá Treoirlínte an Phainéil ar Fhianaise Carachtair, a bhíonn mar chuidiú nuair a bhíonn breithmheastóireachtaí ar chiontuithe agus ar imchúisimh ar feitheamh á ndéanamh, foilsithe ar láithreán gréasáin na Comhairle.

### 1.1.8. *Athnuachan Clárúcháin*

Chun stádas clárúcháin mar mhúinteoir a chothabháil, ní mór do mhúinteoirí cláraithe an chlárúchán a athnuachan go bliantúil ar chothrom dáta na bliana ina ndearnadh an clárú. Is é an dáta sin ná 28 Márta i gcomhair thart ar 76% de mhúinteoirí. Roimh an dáta sin tugadh cuireadh do 52,119 múinteoirí a gclárúchán a athnuachan don tréimhse suas go dtí 28 Márta 2011.

Mar thaca leis na coir poist, cuireadh litreacha ríomhphoist chuig múinteoirí ar an gClár a raibh ríomhphost curtha acu. Cuireadh eolas faoin gclárúchán agus faoin athnuachan in Oide, nuachtlitir na Comhairle, ar láithreán gréasáin na Comhairle, i bhfoilseacháin na gceardchumann, agus i ríomhphoist eolais chuig múinteoirí. Chuir an Chomhairle líne gutháin ar leith ar fáil freisin chun cuidiú leis na fiosrúcháin faoi hathnuachana clárúcháin.

Is é an próiseas clárúcháin céanna a bhaineann leis an 24% eile de mhúinteoirí a dtiteann dáta a gclárúchán ag am eile i bhféilire na bliana.

Leanadh leis an deis a chur ar fáil don athnuachan clárúcháin ar líne. Is bealach íocaíochta éifeachtach agus cost-éifeachtúil é seo chun táillí athnuachana a bhailiú. In 2009, rinne 33% de mhúinteoirí clárú ar líne agus mhéadaigh sé seo go 45% sa tréimhse ó Eanáir go Deireadh Fómhair 2010. Tá sé i gceist gurb é an bealach íocaíochta is iomadúla sa todhchaí ná an t-athnuachan ar líne.

### 1.1.9. Táille Athnuachana Clárúcháin

Níor tháinig aon athrú ar an táille athnuachana clárúcháin €90, a faomhadh in 2007, in 2009/2010. Cuireann an táille bunús faoi stádas na Comhairle mar chomhlacht rialaithe féin-mhaoinithe. Is féidir liúntas cánach mar chostas oibre a éileamh i gcoinne na táille. Tá liúntas breise saor ó cháin le fáil anuas ar an liúntas bunúsach do mhúinteoirí, agus ciallaíonn sé seo go bhfuil an táille níos gaire do €53 sa bhliain dóibh siúd a íocann cáin ag an ráta is airde.

I mí na Nollag 2009, d'aontaigh an Chomhairle gur chóir don táille fanacht ag an leibhéal ag a bhfuil sé chomh fada agus is féidir. Tá an táille bunaithe ar na leibhéil meastachán caiteachais, agus socraítear é lena dheimhniú go mbíonn na hacmhainní is gá ag an gComhairle chun a cuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. De réir mar a fhásann an Chomhairle agus mar a thógann sí cúramaí breise uirthi féin, méadaíonn ar na costais reatha a bhaineann leis an gComhairle.

## 1.2. Caighdeáin a Rialú i nGairm na Múinteoireachta

Tá ardchaighdeáin ghairmiúla mar shaintréith ag gairm na múinteoireachta agus tá ról tábhachtach ag an gComhairle Mhúinteoireachta lena dheimhniú go seastar leis na caighdeáin sin ar mhaithe le gnóthaí oideachais dhaoine óga agus an tsochaí. Comhlíontar an ról trí:

- chóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí, ina ndéantar cur síos ar na caighdeáin chuig don ghairm i gcleachtas agus in iompar ghairmiúil, a fhoilsiú agus a chur chun cinn
- ghearáin a dhéantar i gcoinne múinteoirí cláraithe a fhiosrú mar aon le smachtaí a chur i bhfeidhm nuair a shíltear é bheith cuí a leithéid a dhéanamh.

### 1.2.1. Na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí

Foilsíodh Na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí in 2007. Tá siad curtha i láthair i dtrí chuid. Déantar cur síos sa chéad chuid ar na croí-luachanna atá mar bhunchloch leis an ngairm agus a bhíonn mar thréithe i ngach gné d'obair an mhúinteora. Sa dara cuid déantar cur síos ar na caighdeáin sa chleachtas ghairmiúil a bhíonn á éileamh don ghairm. Sa tríú cuid pléitear an iompar ghairmiúil agus na caighdeáin atá á n-éileamh don iompar ghairmiúil san áireamh. Nuair a chuirtear na trí chuid san áireamh léiríonn na Cóid an chastacht a bhaineann leis an múinteoireacht nuair a bhíonn sí á láimhseáil ag comhghleacaithe, ag mic léinn, ag tuismitheoirí, ag comhlachtaí leasmhara agus ag gníomhaireachtaí, mar aon leis an bpobal, i gcomhpháirt le chéile.

Ghlac an Chomhairle le haischothú ar Na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí mar chuid de phróiseas athbhreithnithe, ar cuireadh tús leis i mí Eanáir 2009, i rith na bliana. Tá Coiste Oideachais na Comhairle ag breathnú ar gach cuid den aischothú a cuireadh ar fáil, faoi láthair.

Déantar na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a chur chun cinn ag imeachtaí ábhartha uile agus cuirtear cóip chrua sa phost chuig gach múinteoir nua-chláraithe.

### 1.2.2. *Iniúchadh ar Ghearáin*

Beidh an t-iniúchadh ar ghearáin faoi oiriúnacht mhúinteoirí atá cláraithe don mhúinteoireacht mar cheann de phríomhfheidhmeanna na Comhairle Mhúinteoireachta. Má dhéantar an gearán<sup>5</sup> a iniúchadh agus plé leis an ngearán trí na nósanna imeachta don araíonacht agus, más cuí smachtbhannaí a chur i bhfeidhm i gcoinne an mhúinteora a bhíonn i gceist.

Tá raon smachtbhannaí a d'fhéadfadh Coiste Araíonachta na Comhairle a chur i bhfeidhm ó choinníollacha ar chlárúchán an mhúinteora go dtí é/í a chur ar fionraí nó a bhaint de Chlár na Múinteoirí. Is éard a bheidh i gceist leis an gceann deireanach nó go ndéanfaí an ceadúnas múinteoireachta a bhaint den mhúinteoir. Is ionann a leithéid agus an ról a bhíonn ag comhlachtaí gairmiúla eile maidir le caighdeán a rialú.

Níl tús curtha ag an Aire Oideachais agus Scileanna le feidhmeanna imscrúdaithe agus araíonachta na Comhairle, mar atá thuas. Tuigeann an Chomhairle go bhfuil sé i gceist ag an Aire tús a chur leis na feidhmeanna seo ag an am céanna le tús feidhme Ailt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Sula gcuirfeadh tús leis sin, tá an Chomhairle gníomhach cheana féin san ullmhú dá ról sa ghnó seo.

D'fhreastail baill na gCoistí Imscrúdaithe agus Araíonachta ar raon éisteachtaí ar an Oiriúnacht don Chleachtas a bhí ag comhlachtaí gairmiúla eile i rith na bliana. Tá dréachtú déanta ag na Coistí ar Rialacha do Nósanna Imeachta na bPainéal Araíonachta agus tá siad curtha ar aghaidh acu chuig an Aire Oideachais agus Scileanna. Thosaigh siad freisin ar raon ábhar treorach a dhréachtú do bhaill an phobail agus do mhúinteoirí cláraithe, lena bhfoilsíú a luaithe agus a bhíonn na forálacha ábhartha curtha i bhfeidhm.

---

5 *Tagairt déanta san Acht Um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 mar "iarratas ar fhiosrú".*



## 2. Caighdeán Agus Inniúlachtaí Múinteoireachta mar aon le Cáilíochtaí an Teagaisc agus na Foghlama sa Stát a Chothabháil agus a Fheabhsú

Is bunluach é an barrchleachtas sa mhúinteoireacht a threoraíonn an Chomhairle ina cuid oibre agus a chuirtear chun cinn trí Na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus trí ról na Comhairle in oideachas múinteoirí.

### 2.1. Oideachas Múinteoirí

Bronnann an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 cumhachtaí suntasacha ar an gComhairle chun oideachas múinteoirí a mhúnlú agus a fhorbairt ag gach céim i ngairm an mhúinteora, ón oideachas tosaigh do mhúinteoirí go hionduchtú, agus chuig an fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

Creideann an Chomhairle go bhfuil sé tráthúil anois breathnú go grinn agus as an nua ar oideachas múinteoirí lena dheimhniú go mbeidh múinteoirí sa todhchaí ullamh chun freastal ar dhúshláin an tseomra ranga sa 21ú haois agus gur foghlaiméoirí ar feadh an tsaoil iad a bhíonn de shíor ag cur leasuithe i bhfeidhm thar thréimhse a ngairme, chun a chur ar a gcumas tacú le foghlaim a gcuid mac léinn. Chuige sin, tá páipéar polasaí forbartha ag an gComhairle a dhéanann cur síos ar a fíis don chontanam ar oideachas múinteoirí. Tá an páipéar sin á dhreachtú i gcomhairle le comhpháirtithe uile an oideachais agus rinneadh an-dul chun cinn air sin i gcaitheamh na bliana. Tá an polasaí le foilsiú i rith 2011.

#### 2.1.1. Oideachas Tosaigh Múinteoirí

##### 2.1.1.1. Caighdeán Iontrála

Tá ról reachtúil ag an gComhairle Mhúinteoireachta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin is gá don iontráil chuig gairm na múinteoireachta; na caighdeáin eolais, scile agus inniúlachta is gá do chleachtas na múinteoireachta san áireamh. Le linn na bliana ar a ndéantar tuairisciú, d'fhoilsigh sí Rialacháin [Clárúchán] An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2009 a leagann amach na riachtanais iontrála do mhúinteoirí ar mian leo a bheith cláraithe. Tugann na rialacháin aonfhoirmeacht bhreise do na riachtanais iontrála chuig

gairm na múinteoireachta ag leibhéal an bhunoideachais, an iar-bhunoideachais agus an bhreiseoideachais. I measc na soláthairtí sna Rialacháin tá riachtanas a éilíonn go mbeidh ar gach múinteoir nua in earnálacha an CGO agus an bhreiseoideachais cáilíocht fhaofa in oideachas múinteoirí a bheith acu ó Aibreán 2013 amach.

##### 2.1.1.2. Iontráil chuig Earnáil an Bhreiseoideachais

In oirchill an fhoilseacháin ar Rialacháin [Clárúchán] an Chomhairle Mhúinteoireachta 2009, bhunaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta grúpa oibre chun plé a dhéanamh ar cháilíocht oideachas múinteoireachta a fhorbairt dóibh siúd ar mian leo teagasc in earnáil an bhreiseoideachais. I mí na Nollag 2009, d'fhoilsigh an grúpa oibre Creat/Critéir Molta do Cháilíocht Oideachais do Mhúinteoirí in Earnáil an Bhreiseoideachais i gcomhair phlé.

##### 2.1.1.3. Athbhreithniú agus Creidiúnú

Tabharfaidh an t-athbhreithniú agus an creidiúnú ar chláir oideachas tosaigh múinteoirí seans d'eagraíochtaí tríú leibhéal a léiriú go bhfuil a gclár oiriúnach don iontráil chuig gairm na múinteoireachta, i.e. go bhfuil siad deartha agus curtha i láthair ar bhealach a thugann deis do mhic léinn eolas, scileanna agus inniúlachtaí mar aon leis na dearcaidh agus na meoin ghairmiúla a bhaineann go lárnach le cleachtas na múinteoireachta a fhorbairt.

I mí Bealtaine 2009, mar chuid dá tríú tréimhse comhairliúcháin, chuir An Chomhairle Mhúinteoireachta Dréacht Straitéis don Athbhreithniú agus don Chreidiúnú Gairmiúil ar Oideachas Tosaigh Múinteoirí faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna, agus na soláthairtí uile ar oideachas múinteoirí. Leagann an straitéis sin amach, i measc rudaí eile, an próiseas don athbhreithniú agus don chreidiúnú agus na critéir a mbíonn an Chomhairle ag súil leo i gcláir, sular féidir creidiúnú a bhronnadh. Iarradh ar sholáthairtí ar gach clár oideachas múinteoirí fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil maidir leis na cláir agus, i gcás ceithre cinn de na cláir sin, tharla athbhreithnithe sa bhliain acadúil 2009/10 mar seo a leanas:

## An Chomhairle Mhúinteoireachta

- Dioplóma Iarchéime san Oideachas, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Dioplóma Iarchéime san Oideachas, Coláiste Phádraig
- Baitsiléir san Eolaíocht (Oideachas i bhFisic agus i gCeimic, Ollscoil Luimnigh
- Baitsiléir san Oideachas, Coláiste Mhuire gan Smál

Tá tuairiscí ar na ceithre léirmheas athbhreithnithe foilsithe ar láithreán gréasáin na Comhairle agus tá tús curtha le ceithre athbhreithniú eile. Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú agus creidiúnú de réir mar is cuí, ar gach ceann de na 44 cláir oideachais sa tréimhse cúig go seacht mbliana atá le teacht.



Baill den Choiste Athbhreithnithe agus Creidiúnaithe don Dioplóma Iarchéime san Oideachas, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath mar aon le baill de Roinn an Oideachais sa Choláiste Ollscoile (UCD).

*Ar cúl, C-D: Dr Jim Gleeson, Léachtóir Sinsearach san Oideachas, Ollscoil Luimnigh; Áine Lawlor, Príomhfheidmeannach/ Stiúrthóir, An Chomhairle Mhúinteoireachta; Ollamh Ian Smith, Ollamh le hOideachas, Ollscoil Iarthar na hAlban; Ollamh Gradaim John Coolahan, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad; Lynda O'Toole, Cigire Sinsearach, An Roinn Oideachais agus Scileanna; Pat McQuaile, Ias-Phríomhoide, Coláiste Naomh Olibhéar, Droichead Átha; Dr Anne Keane, Ceann Roinne ar Oideachas agus Oilíúint, Comhairle Leighis na hÉireann.*

*Chun tosaigh, C-D: Dr Judith Harford, Léachtóir, UCD; Ollamh Sheelagh Drudy, Ollamh le hOideachas, UCD; Dr Marie Clarke, Ceann Roinn an Oideachais, UCD*

#### 2.1.1.4. Creidiúnú ar chláir nua

Le linn na bliana ar a ndéantar tuairisciú, fuair an Chomhairle iarratas amháin ó choláiste don chreidiúnú ar chlár oideachas tosaigh múinteoirí.

Fuarthas 19 iarratais breise don aitheantas ó chláir céime ag éileamh faomhadh d'ábhair teagaisc ag leibhéal an iar-bhunoideachais.

#### 2.1.2. Ionduchtú, Promhadh agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Níl tús feidhme curtha go fóill le cumhachtaí reachtúla na Comhairle sna réimsí seo. Dhearbhaigh an tAire Oideachais agus Scileanna, Máire Ní Chochláin, i mí Iúil 2010, go dtiocfaidh feidhmeanna na Comhairle maidir le nósanna imeachta d'ionduchtú agus do phromhadh gach múinteoir nua-cháilithe i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2012. Níl aon dáta luaite go fóill do thús feidhme ról na Comhairle sa chreidiúnú ar chláir don forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL). Tacaíonn an Chomhairle le FGL múinteoirí trína scéim sparánachtaí taighde i rith na bliana tuairiscithe (féach 2.2.2.). Cuidíonn an tacaíocht seo leis an ngairm a cuid inniúlachta a forbairt agus mar thoradh ardaítear cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sna scoileanna.

## 2.2. Taighde

Tá sé dlite ag an Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, go dtabharfaidh an Chomhairle faoi thaighde a dhéanamh nó a choimisiúnú ar ghnóthaí bainteach le cuspóirí na Comhairle. Cruthaíonn Polasaí Taighde na Comhairle an creatlach ina ndéanann sí a cuspóir i leith an taighde a chur i bhfeidhm.

#### 2.2.1. Sparánachtaí Taighde

Ó 2007 i leith, reáchtáladh ceithre scéim sparánachtaí taighde agus mar thoradh air seo bronnadh 108 sparánachtaí taighde. Ag am an fhoilsithe, bhí 44 tuairiscí taighde críochnaithe agus curtha faoi bhráid na Comhairle, agus tá torthaí an taighde ar fáil trí láithreán gréasáin na Comhairle.

In 2009, bhronn an Chomhairle 28 sparánachtaí mar thoradh ar a tríú scéim sparánachtaí taighde le mórchiste €99,250. Bronnadh na sparánachtaí ar 21 múinteoirí agus ar seachtar eile a bhfuil taighde ar bun acu i réimsí an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe.

Ar 5 Deireadh Fómhair 2009 d'fhógair an Chomhairle Mhúinteoireachta a ceathrú scéim sparánachta taighde mar chomhtharlú le Lá Domhanda Múinteoirí <sup>6</sup>. Faoin scéim seo cuirtear €75,000 den chiste sparánachta ar fáil d'iarratais ó mhúinteoirí cláraithe mar aon le €25,000 breise ar fáil do dhaoine seachas múinteoirí cláraithe, áit a raibh fócas an taighde dírithe ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú.

Tá cur chun cinn an taighde ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú mar bhun-fheidhm ag an gComhairle. Tugann na sparánachtaí suntas do thiomantas na Comhairle Mhúinteoireachta don forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí agus don fhoghlaim ar feadh an tsaoil a bhíonn mar chroí ag gairm na múinteoireachta. Tugtar na léargais a bhíonn le fáil ón taighde ar ais chuig na seomraí ranga ionas go mbíonn fórbhuntaistí ann do ghairm na múinteoireachta agus do dhaltaí i ndeireadh báire.

Is féidir sonraí breise maidir le sparánachtaí taighde na Comhairle, ar a n-áirítear an raon taighde a bhfuil maoiniú déanta orthu, ar fáil ar an leathanach Taighde de láithreán gréasáin na Comhairle, [www.oide.ie](http://www.oide.ie).

<sup>6</sup> Lá Domhanda na Múinteoirí, a cheiliúrtar ar an 5 Deireadh Fómhair gach bliain ó 1994 ar aghaidh, i gcuimhne ar an lá a síníodh Moladh an EOCNA/EIS i gCás Stádas Múinteoirí, 1966. Is ócáid i chun an ról riachtanach atá ag múinteoirí in oideachas den scoth a chur ar fáil ag gach leibhéal a cheiliúradh. Tá eolas breise le fáil i dtaca le Lá Domhanda na Múinteoirí ag [www.unesco.org/en/teacher-education/advocacy/world-teachers-day](http://www.unesco.org/en/teacher-education/advocacy/world-teachers-day)

*“Tá an scéim sparánachta seo ar cheann de na bealaí inar féidir múinteoirí a mhealladh agus tacú leo a bheith páirteach ina bhforbairt ghairmiúil féin, rud a rachaidh chun leasa na múinteoirí féin agus na scoileanna ina bhfuil siad ag obair.”* Múinteoir bunscoile agus faighteoir sparánachta 2009, Co. Na Gaillimhe

*“Tá an sparánacht seo tar éis deis a thabhairt dom cur, ar iliomad bealaí, le mo chuid scileanna mar chleachtóir machnamhach. Creidim gur trí thaighde, iniúchadh agus machnamh ar thopaic gur féidir na cleachtais agus na nósanna imeachta a fheabhsú don uile dhuine i bpobal gairmiúil an oideachais.”* Múinteoir iar-bhunscoile agus faighteoir sparánachta 2009, Co Mhuineacháin

*“Tá súil againn go gcothóidh an tionscnamh taighde seo díospóireacht ar ábhair inmí i leith scrúduithe seachtracha agus moltaí a leanann do mhúinteoirí agus d’ionaid Bhreisoideachais. Cuireann sé ar ár gcumas leanúint i mbun taighde tar éis Cláir Mháistreachta a chríochnú. Tá súil againn ionchur a bheith againn i bplé ar pholasaí sa réimse ina bhfuilimid ag obair agus go ndéanfaidh ár gcuid piaraí an tuairisc a léamh agus a phlé ar mhaithe le teacht ar an mbarrchleachtas don teagasc agus don mheasúnú.”* Teagascóirí Breisoideachais, agus faighteoirí sparánachtaí 2009

*“Is breá an rud é go bhfuil maoiniú á dhéanamh ag an gComhairle Mhúinteoireachta ar thaighde faoi theicneolaíochtaí an lae amárach agus an cumas a bheidh iontu cur le hoideachas ár ndaoine óga”* Taighdeoir Aonair agus faighteoir sparánachta 2009, Baile an Róistigh, Co Chorcaí



Faighteoirí ar Sparánachtaí Taighde na Comhairle Mhúinteoireachta 2009 a bronnadh ag searmanas bronnta i Maigh Nuad.



Faighteoirí ar Sparánachtaí Taighde na Comhairle Mhúinteoireachta 2009 a bronnadh ag searmanas bronnta i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach.

### 3. Cur Chun Cinn na Múinteoireachta Mar Ghairm

Tá cur chun cinn na múinteoireachta mar ghairm go lárnach in obair na Comhairle. Dhírigh an Chomhairle ar roinnt straitéisí chun an sprioc seo a chur chun cinn.

#### 3.1. Suirbhé Dearcaidh

Choimisiúnaigh an Chomhairle suirbhé ar thuairimí i leith gairm na múinteoireachta chun eolas a sholáthar dá cuid oibre maidir leis an múinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn. I suirbhé ar 1,000 duine fásta a rinne comhlacht neamhspleách, iReach Market Research, i mí na Samhna 2009, taispeánadh tuairimí dearfacha i gcoitinne ar ghairm na múinteoireachta agus léirigh formhór na bhfreagróirí sástacht leis an tslí a gcomhlíonann múinteoirí a ngairm agus léiríodh go bhfuil leibhéal ard muiníne acu as múinteoirí. As an 12 gairm agus post a ndearnadh tagairt dóibh sa suirbhé, tháinig leibhéal sástachta le múinteoirí sa dara háit (i ndiaidh altraí).

Léiríodh freisin tacaíocht láidir don ról luachmhar atá ag múinteoirí inár sochaí agus leibhéal maith tuisceana ar an gcoimpléascacht a bhaineann leis an ról agus leis an leibhéal scile atá ag teastáil. Dearbhaíonn torthaí an tsuirbhé an obair luachmhar a dhéanann múinteoirí nuair a bhíonn daoine óga á n-ullmhú acu don saol.

Rinneadh torthaí an tsuirbhé a dháileadh ar mhúinteoirí, ar na comhpháirtithe san oideachas agus ar na meáin.

Is iad seo a leanas príomhthorthaí an tsuirbhé

- As an 12 gairm agus post a ndearnadh tagairt dóibh sa suirbhé, tháinig leibhéal sástachta le múinteoirí sa dara háit (i ndiaidh altraí).
- Bhí nach mór triúr as gach ceathrar tuismitheoirí (73%) a d'fhreagair a dúirt go ndéanann múinteoirí a gcuid oibre go han-mhaith nó go maith, agus ní raibh ach 6% a dúirt go ndéanann múinteoirí a gcuid oibre go holc nó go ffor-olc.
- Dúirt seachtar as gach deichniúr freagróirí (69%) go raibh an-iontaoibh nó iontaoibh acu as múinteoirí.
- As an 12 gairm agus post a ndearnadh tagairt dóibh sa suirbhé, bhí na leibhéil iontaoibh as múinteoirí sa tríú háit (i ndiaidh dochtúirí agus altraí).
- Bhí nach mór naonúr as gach deichniúr

freagróirí (87%) a shíl go raibh meánleibhéal nó ardleibhéal coimpléascachta ag baint le gairm na múinteoireachta.

- Bhí macalla de seo le fáil san fhreagra ar cheist eile sa suirbhé nuair a d'easaontaigh triúr as gach ceathrar freagróirí (75%) gur 'post éasca atá sa mhúinteoireacht'.
- Bhí tromlach mór (96%) de fhreagróirí a shíl go raibh gá le meánleibhéal nó le hardleibhéal scile don ról.
- Bhí nach mór ochtar as gach deichniúr (77%) de na freagróirí a d'aontaigh 'go ndéanann múinteoirí i gcoitinne' obair mhaith.
- D'aontaigh an líon céanna (80%) 'go bhfuil ról tábhachtach ag múinteoirí inár sochaí'.
- Ba iad cothromaíocht oibre is saoil, mar aon leis an deis a bheith acu bheith ag obair le páistí agus dífríocht a dhéanamh, na tarraingtí ba ghnáthaí a shamhlaigh freagróirí le gairm na múinteoireachta.
- Ba iad dúshláin na haraíonachta mar aon le méid na ranganna agus easpa acmhainní, ba mhó a shíl freagróirí a bhí mar ábhair práinne do ról an mhúinteora sa lá atá inniu ann.
- Shíl ceathrar as gach cúigear freagróirí go bhfuil an mhúinteoireacht deacair mar phost agus bhí an uimhir chéanna nach mór (78%) a shíl go mba chóir go mbeadh deiseanna breisoideachais ar fáil go rialta.

#### 3.2. Caidreamh leis na Meáin

Mar chuid dá ról i gcur chun cinn na múinteoireachta mar ghairm, éilíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta deiseanna cuí sna meáin chun seasamh le próifíl na múinteoireachta mar ghairm agus chun feasacht a ardú maidir le hobair na Comhairle.

Le linn na bliana ar a ndéantar tuairisciú, eisíodh 39 preasráiteas. Ba phreaseisiúintí ginearálta iad ceithre cinn acu sin, agus ba eisiúintí áitiúla iad an chuid eile chun freastal ar riachtanais na meán réigiúnacha. Scríobhadh ailt do raon foilseachán ar a n-áirítear an preas náisiúnta mar aon le hiriseáin na n-eagraíochtaí ionadaíocha san oideachas. Ar an iomlán, bhí 89 ailt sa phreas faoi obair na Comhairle agus í ag cur chun cinn na gairme. Mar aon leis sin, cuireadh agallamh ar an bPríomhfheidhmeannach ar roinnt [5] stáisiún raidió faoi thorthaí suirbhé dearcaidh inar léirigh na torthaí

i gcoitinne dearcaidh dhearfacha i leith ghairm na múinteoireachta (féach 3.1.)

### 3.3. teach.ie

Tá láithreán gréasáin nua, [www.teach.ie](http://www.teach.ie), á fhorbairt mar acmhainne ar líne do threoirchomhairleoirí, d'oifigigh gairme, do thuismitheoirí agus dóibh siúd a d'fhéadfadh a bheith ag smaoineamh ar an múinteoireacht mar ghairm. Cothóidh an láithreán gréasáin dearcadh dearfach i leith ghairm na múinteoireachta agus tabharfar aitheantas go poiblí don ról luachmhar a bhíonn ag múinteoirí sa sochaí. Ardóidh sé feacht ar tharraingteacht na múinteoireachta mar rogha gairme agus tabharfaidh sé suntas do na dúshláin, na deiseanna agus na luaíochtaí a thagann d'fhir agus do mhná, ó ghairm sa mhúinteoireacht. Cuirfidh an láithreán gréasáin eolas ar fáil freisin do dhaoine ar spéis leo bheith ina múinteoirí, agus dóibh siúd a mbíonn comhairle gairme á soláthar acu maidir le bealaí iontrála chun na gairme. Le linn na bliana tuairiscithe, rinneadh comhlacht dearaidh a fhostú don tionscnamh agus cuireadh tús leis an bhforbairt ar shonraíocht an dearaidh.

### 3.4. Taispeántais

Bhí baill foirne i láthair ag taispeántais ghairme agus ag na trí chomhdháil ag ceardchumann na múinteoirí. Tugann na taispeántais ghairme deis luachmhar chun bualadh le múinteoirí dóchúla, agus comhairle a chur orthu, mar aon le gairm na múinteoireachta a chur chun cinn. Bíonn an Chomhairle i dteagmháil go leanúnach freisin le scoileanna agus leis na hInstitiúidí Ardoideachais maidir leis an múinteoireacht mar ghairm.

### 3.5. Treoir Gradireland ar Mhúinteoireacht agus Oideachas

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta tar éis tacú le, agus ionchur a bheith aici i leabhrán comhairleach gairme nua ar mhúinteoireacht agus ar oideachas. Clúdaíonn an leabhrán atá foilsithe ag Gradireland, an tseirbhís chomhairleach ar ghairmeacha, comhairle maidir le cáilíochtaí múinteoireachta, bealaí iontrála chuig gairm na múinteoireachta, na cineálacha ról múinteoireachta atá ar fáil, mar aon le próifílí gairme. I mí Feabhra 2010, cuireadh dhá chóip den leabhrán, mar aon le DVD cur ar aghaidh na Comhairle Mhúinteoireachta *Croí na Múinteoireachta*, chuig 870 treoirchomhairleoirí.

## 4. Eagraíocht Éifeachtach agus Éifeachtúil a Fhorbairt agus a Chothabháil Chun Obair na Comhairle a Thacú

Tá an Chomhairle san airdeall maidir leis an ngá atá ann eagraíocht éifeachtach agus cost-éifeachtúil a rith, agus déanann sí monatóireacht agus forbairt go leanúnach ar a próisis agus a córais chun a dheimhniú go leanann siad go héifeachtach de réir barrchleachtais rialachas chorparáidigh.

### 4.1. Fás Agus Forbairt, Plean Straitéiseach 2008-2011

Rinneadh obair na Comhairle de réir feidhmeanna an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Mar chomhlíonadh ar an riachtanas don phleanáil straitéiseach mar atá sa Chód Cleachtais don Rialachas ar Chomhlachtaí Stáit, tugann an chéad phlean straitéiseach ón gComhairle, *Fás agus Forbairt 2008-2011* treoir don Chomhairle de réir mar a leanann sí le cur i bhfeidhm an Achta a chur chun cinn.

### 4.2. Cód Cleachtais

In 2009, ghlac an Chomhairle le Cód Cleachtais do bhaill na Comhairle, don Chathaoirleach, don Stiúrthóir agus don Rúnaí. Is é atá mar chuspóir leis an gcáipéis seo ná:

- cód a rianú do rialachas corparáideach na Comhairle Mhúinteoireachta,
- treoir a sholáthar do bhaill na Comhairle, don Chathaoirleach, do Rúnaí na Comhairle agus don Stiúrthóir trí na feidhmeanna atá acu faoi seach a leagann amach,
- an t-údarás agus na freagrachtaí faoi seach a bhunú go soiléir,
- feidhmeanna faoi leith a dháileadh ón gComhairle ar an Stiúrthóir.

Tá an Cód Cleachtais le híoslódáil ar [www.oide.ie](http://www.oide.ie)

### 4.3. Ceapachán an Dara Comhairle

Ceapadh baill an dara Comhairle go foirmiúil ar 28 Márta 2009, agus rinne Aire Oideachais agus Eolaíochta na linne, An tUasal Batt O’Keeffe, T.D., iad a aitheasc ag searmanas ar 31 Márta 2009. Leanann tréimhse oifige

an dara Comhairle ar feadh trí bliana ó 28 Márta 2009 go dtí 27 Márta 2012. Tionóladh lá ionductaithe don dara Comhairle ar 30 Márta 2009.

### 4.4. Struchtúr Coistí

Ar mhaithe le héascú a dhéanamh ar a cuid oibre agus í ag comhlíonadh a cuid dualgas, tá roinnt coistí, grúpaí oibre agus painéal bunaithe ag an gComhairle. Tá na sonraí a bhaineann le feidhmeanna agus le ballraíocht gach ceann acu seo ar fáil in Aguisín 3. Tá sceideal na gcruinnithe a tionóladh sa bhliain tuairiscithe curtha ar fáil i dTábla 4.

Tábla 4 – Sceideal Cruinnithe agus Coistí na Comhairle le linn na bliana dár críoch 27 Márta 2010

	An Méid Cruinnithe
An Chomhairle	7
An Coiste Feidhmiúcháin*	4
An Coiste Imscrúdaithe*	6
An Coiste Araíonachta*	(comhchruinnithe)
An Coiste Clárúcháin	6
An Coiste Oideachais	7
An Coiste Airgeadais	5
An Coiste Iniúcháireachta	2
An Painéal ar Fhianaise Carachtair	10
Painéal na nIarratas Bunscoile	8
Painéal na nIarratas Iar-Bhunscoile	9
An Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin Bunleibhéal	4
An Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin Iar-Bhunleibhéal	3

\* Coistí Reachtúla



Baill an dara Comhairle (2009-2012)

(dáta an ghrianghraif: 31 Márta 2009)

*Ar cúl (clé go deas) – Christy Maginn, Eleanor Petrie, Dr Anne O’Gara, Jerry Cronin, Dr Pauric Travers, Tim O’Meara, Pat McQuaile, Gerry Malone, Emer Egan, Fergal McCarthy, Noel Buckley, Christy Carroll, Ciarán Flynn, Milo Walsh, Kieran O’Driscoll (nach maireann), Micheál Kilcrann*

*Chun tosaigh (clé go deas) – Elaine Devlin, Antoinette Buggle, Susie Hall, Eileen Flynn, Bernadine O’Sullivan, Micheál Ó Gríofa, Ollamh Kathy Hall, Maree O’Connell, Anita McCann, Alice O’Connell, Áine Lawlor (Stiúrthóir), Vivienne MacSweeney, Batt O’Keeffe TD (An tAire Oideachais agus Eolaíochta), Seán Rowley, Jack Keane, Carmel Bradwell, Anne McElduff, Dr Jim Gleeson, Dr Kevin Marshall, Dympna Mulkerrins, Lily Cronin [In easnamh ón bpictiúr – Oliver Donohoe, Dr Pádraig Hogan]*

#### 4.5. Rialachas Corparáideach

Tá an Chomhairle san airdeall faoin tábhacht a bhaineann le dea-rialachas corparáideach agus táthar ag tabhairt go gníomhach faoi threoirínte na Roinne Airgeadais ar rialachas corparáideach d’eagraíochtaí Stáit a chur i bhfeidhm. Trína Coiste Iniúcháireachta agus a Grúpa Oibre ar Nósanna Imeachta, tá córas bunaithe ag an gComhairle do smachtaí inmheánacha ar chuntais agus tá a tuarascáil bhliantúil agus a cuntas airgeadais iniúchta foilsithe. Tá forbairt déanta freisin ar phróisis do mheasúnú agus do bhainistíocht riosca, do chóid iompair gnó do bhaill agus d’fhoireann na Comhairle araon, agus freisin ar chod cleachtais na Comhairle. Clúdaíonn an ceann deireanach téarmaí tagartha do na coistí agus do na painéil seasta agus reachtúla uile, agus tá fáil orthu ar ghréasán idirlín na Comhairle.

Bíonn nósanna imeachta maidir le nochtadh leasa agus géillíúlacht do riachtanais na nAchtanna um Eitic in Oifig Poiblí mar chuid de shocruithe na Comhairle i leith an rialachais chorparáidigh freisin.

#### 4.6. Bainistíocht Acmhainní

##### 4.6.1. Acmhainní Daonna

Lean an leibhéal foirne faofa ar 27 Márta 2010 ag 28.5 post. Le linn bliana na tuairisce ceapadh roinnt ball foirne ar bhonn sealadach ag amanna nuair a bhí mór-ualach gníomhaíochta ann, ar nós athnuachan clárúchán agus tréimhse an tsamhraidh do chlárúchán na gcéimithe. Leanadh leis an fhorbairt ar chórais agus ar nósanna imeachta do bhainistíocht acmhainne daonna eile ar a áirítear córas don chur i bhfeidhm ar chóras fleisc-ama.

Diúltaíodh d’iarratas a chuir an Chomhairle faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna do cheapachán Oifigeach Oideachais tiomnaithe do chúram na ról agus na bhfeidhmeanna suntasacha atá ag an gComhairle i leith oideachas múinteoirí.

Rinne Coiste Comhpháirtíochta na foirne agus na bainistíochta plé agus díospóireacht ar roinnt ábhar; Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta na Comhairle ina measc. Cuireadh an ráiteas seo ar fáil i mí Bealtaine 2010.

Tá fáil in Aguisín 1 ar na sonraí a bhaineann le struchtúr bainistíochta na Comhairle.



#### 4.6.2. Airgeadas

Dírionn rannóg an Airgeadais a lán dá cuid oibre ar bhainistíocht an phróisis athnuachana clárúcháin. Buaic-am gach bliain a bhíonn sa tréimhse ó Eanáir go Márta gach bliain don athnuachan clárúcháin. Le linn an ama seo in 2010, tugadh cuireadh do 52,119 múinteoirí cláraithe (thart ar 76% de na múinteoirí ar an gclár) a gclárúchán a athnuachan ar feadh bliana breise mar a dhlítear faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Chun an t-airgead a bhí ag teacht isteach don chlárúchán a bhainistiú agus chun íoslaghdú a dhéanamh ar na hacmhainní a bhíonn de dhíth, cuireadh leis na héifeachtachtaí agus na mionleasaithe ar na próisis agus na cleachtais airgeadais. I ngeall air sin tháinig toradh an-dearfach ón gcóras athnuachana ar líne. Ó 1 Eanáir 2010 go 31 Deireadh Fómhair 2010, rinne 45% de mhúinteoirí a gclárúchán a athnuachan agus iad ag baint úsáide as an tsaoráid ar líne.

Bhí €3.78m mar chaiteachas ag an gComhairle sa bhliain airgeadais 2009. Áirítear costais foirne, cíos ar chóiríocht, postas, foilseacháin agus costais TEC mar phríomhréimsí caiteachais. Bhí €6.83m mar theacht isteach don tréimhse, táillí clárúcháin agus measúnaithe a bhí i gceist den chuid is mó. Eascaíonn an barrachas ón moill a cuireadh ar roinnt de na feidhmeanna san Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 a thosú. Ina theannta sin, tá roinnt den bharrachas ioncaim coinnithe chun na costais ar fhiachais dlúthiúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn a ghlanadh. Tá fáil ar Ráitis Airgeadais Iniúchta na Comhairle do 2009 in Aguisín 5.

#### 4.6.3. TEC

Bíonn córais TEC na Comhairle á bhfeabhsú agus á n-athnuachan go leanúnach ar mhaithe le rochtain éifeachtach ar Chlár na Múinteoirí a chruthú agus a chothabháil, agus chun córais eagrúcháin slán a chothabháil. Feabhsaíodh na comhéadain idirlín do Chlár na múinteoirí agus chruthaigh sé seo próiseas níos simplí don athnuachan ar an gclárú ar líne.

In 2009, cuireadh arís eile le húsáid bogearraí san Éirim Ghnó chun mionstaitisticí breise a sholáthar ó Chlár na Múinteoirí.

I dtreo dheireadh 2008, rinneadh iniúchadh Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) 27001 sa Chomhairle. Is é a bhí mar bhunús leis an iniúchadh ná meastóireacht a dhéanamh ar nósanna imithe agus ar

pholasaithe na Comhairle i leith sláine eolais. Chuir an Chomhairle i bhfeidhm formhór na moltaí ón iniúchadh agus leantar ag obair i dtreo comhlíonta breise le caighdeán an ISO. Bhí roinnt den obair ag an tús a d'éiligh slándáil fhisiceach bhreise ar an bhfoirgneamh, tús le TCI (Teilifís Ciorcaid Iata) agus tástáil níos rialta ar na nósanna imeachta don athshlánú ar shonraí.

#### 4.7. Cumarsáidí

Bíonn mórchuid de ghníomhaíochtaí na Comhairle ar chumarsáidí dírithe ar an mhúinteoireacht a chur chun cinn mar ghairm and tá eolas breise maidir le roinnt gníomhaíochtaí sa réimse sin ar fáil i gCuid 3 den tuairisc seo. Mar aon leis na gníomhaíochtaí sin, cuireann an Chomhairle freisin clár cuimsitheach cumarsáide i bhfeidhm dírithe ar ghaoil éifeachtacha a thógáil agus a chothabháil le páirtithe leasmhara. Déantar monatóireacht go leanúnach ar an gclár lena dheimhniú go mbaintear úsáid as na bealaí cumarsáide is oiriúnaí, is éifeachtaí agus is cost-éifeachtúla. Le linn na bliana ar a ndéantar tuairisciú, ba iad seo a leanas na tionscnaimh agus na gníomhaíochtaí ba mhó suntas:


##### 4.7.1. Daoine Teagmhála na Comhairle Mhúinteoireachta

I mí Aibreáin 2009, tugadh cuireadh do mhúinteoirí cláraithe feidhmiú mar Dhaoine Teagmhála idir an Chomhairle agus an fhoireann teagaisc ina gcuid scoileanna. Is í an aidhm bhunaidh ná go mbeidh múinteoir cláraithe ó gach scoil mar Dhuine Teagmhála na Comhairle Mhúinteoireachta ag deimhniú go ndéantar foilseacháin agus eolas eile a dháileadh ar chomhghleacaithe. I rith na bliana, lean an Chomhairle ar an scéim a chur chun cinn, agus an tuairisc seo á cló bhí breis agus 1,300 scoileanna tar éis Duine Teagmhála a ainmiú. Nuair a bhí líon na ndaoine teagmhála ag leibhéal cuí, thosaigh an Chomhairle ar chruinnithe réigiúnacha a phleanáil don scoilbhliain 2010/2011 le Daoine Teagmhála.

##### 4.7.2. Nuachtlitir

Lean nuachtlitir na Comhairle Mhúinteoireachta, *Oide*, mar bhealach tábhachtach cumarsáide agus foilsíodh dhá eagrán i rith na bliana. I ngeall ar aischothú a cuireadh ar fáil ó léitheoirí, rinneadh athdhearadh ar an nuachtlitir mar fhoilseachán níos giorra.

Figiúr 5 – Cuaireanna ar láithreán gréasáin Na Comhairle Mhúinteoireachta



**4.7.3. Gréasán idirlín corparáideach**

I rith na bliana, rinneadh láithreán gréasáin na Comhairle, [www.oide.ie](http://www.oide.ie), a chothabháil agus a uasdátú go rialta. Foinse luachmhar eolais é i gcónaí faoi chlárú mar mhúinteoir, faoin bpróiseas ar fhianaise carachtair ar a n-áirítear Seiceáil an Gharda Síochána, caighdeán ghairmiúla, agus oideachas múinteoirí. Bhí, ar an meán, 27,780 cuairteoirí chuig an ngréasán gach mí idir Aibreán 2009 agus Márta 2010. Seo méadú 20% nach mór ar an mbliain roimhe sin nuair a bhí an meán ag 23,162 cuairteoirí in aghaidh na míosa. Bíonn buaicphointe ag na figiúir i mí Márta i gcomhthráth le tréimhse athnuachana an chlárúcháin d’fhormhór na múinteoirí (34,883 cuairteanna).

**4.7.4. Nuashonruithe ar ríomhphost**

Déantar nuashonruithe ar obair na Comhairle Mhúinteoireachta a sheoladh ar ríomhphost chuig gach múinteoir cláraithe a bhfuil seoladh do chomhfhreagras tugtha acu don Chomhairle. Is bealach maith chost-éifeachtúil é seo le teagmháil a dhéanamh le múinteoirí.

**4.7.5. Teagmháil le hEagraíochtaí Ionadaíocha**

I rith na bliana, bhí dlúthchaidreamh oibre ag an gComhairle le comhpháirtithe an oideachais agus rinneadh teagmháil leo trína gcuid eagraíochtaí

ionadaíocha. Bhí cur i láthair ag Príomhfheidhmeannach na Comhairle agus ag oifigigh sinsearach ag roinnt comhdhálacha agus seimineár agus i raon suíomh ina raibh grúpaí níos lú. Bhí teagmhálacha acu freisin le grúpaí ó na comhpháirtithe leasmhara maidir le forbairtí rialála i bpríomhréimsí ar nós seiceáil an Gharda Síochána, oideachas múinteoirí d’earnáil an bhreiseoideachais agus na riachtanais don chead isteach ar an gClár.

**4.8 Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí**

Tá an Chomhairle faoi réir ag riachtanais na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003 (Acht FOI) agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Tá an Chomhairle tar éis treoir dá cuid feidhmeanna, dá cuid taifead, dá cuid rialacha agus dá cuid nósanna imeachta a sholáthar de réir Alt 15 agus 16 de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003. Tá fáil ar an treoir seo ar [www.oide.ie](http://www.oide.ie) agus cóip chrua ach é a iarraidh. Rinneadh dhá iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise le linn na bliana tuairiscithe.

**4.9 Gaeilge**


Bíonn soláthar ar leith ar fáil ón gComhairle do sheirbhísí trí Ghaeilge agus leanann sí na riachtanais a éilíonn Act na dTeangacha Oifigiúla, 2003.





AGUISÍN 1

Struchtúr Bainistíochta na Comhairle – mar a bhí ar 27 Márta 2010



## AGUISÍN 2

### Baill na Comhairle

Tá 37 ball ar an gComhairle mar seo a leanas:

- Aon mhúinteoir déag bunscoile, naonúr ó thoghcháin agus beirt ainmnithe ag aontas na múinteoirí
- Aon mhúinteoir déag iar-bhunscoile, seachtar ó thoghcháin agus ceathrar ainmnithe ag aontais na múinteoirí
- Beirt ainmnithe ag na Coláistí Oideachais
- Beirt ainmnithe ag eagrais tríú leibhéal sonraithe
- Ceathrar ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal bunscoile agus beirt ag leibhéal iar-bhunscoile)
- Beirt ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine ag leibhéal bunscoile agus duine ag leibhéal iar-bhunscoile) agus
- Cúigear ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta, ina measc ionadaí ó Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fostóirí na hÉireann (IBEC) agus ó Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU).

Seo a leanas baill na Comhairle Mhúinteoireachta ó 28 Márta 2009 go 27 Márta 2010:

Baill	Catagóir	Earnáil
Carmel Bradwell (d'éirigh as Meán Fómhair 2009)	Tofa	Bunscoileanna
Mary Brennan (ceaptha Nollaig 2009)	Tofa	Bunscoileanna
Noel Buckley	Tofa	Iar-bhunscoileanna Deonacha
Antoinette Buggle	Ainmní	Bainistíocht Scoile (Bunleibhéal)
Christy Carroll	Tofa	Bunscoileanna
Jerry Cronin	Ainmní	Bainistíocht Scoile (Iar-Bhunleibhéal)
Lily Cronin	Tofa	Iar-bhunscoileanna Deonacha
Elaine Devlin	Ainmní	CMÉ (INTO)
Oliver Donohoe	Ainmní	Aire (ICTU)
Emer Egan	Ainmní	Aire
Ciarán Flynn	Ainmní	Bainistíocht Scoile (Iar-Bhunleibhéal)
Eileen Flynn	Ainmní	Bainistíocht Scoile (Bunleibhéal)
Dr Jim Gleeson	Ainmní	Ollscoileanna & Coláistí Ainmnithe Tríú Leibhéal
Ollamh Kathy Hall	Ainmní	Ollscoileanna & Coláistí Ainmnithe Tríú Leibhéal
Susie Hall	Tofa	Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha
Dr Pádraig Hogan	Ainmní	Aire
Jack Keane	Ainmní	CMMÉ (ASTI)
Micheál Kilcrann	Tofa	Bunscoileanna

Vivienne MacSweeney	Ainmní	AMÉ (TUI)
Christopher Maginn	Tofa	Iar-bhunscoileanna Deonacha
Gerry Malone	Ainmní	CMÉ (INTO)
Dr Kevin Marshall	Ainmní	Aire (IBEC)
Anita McCann	Ainmní	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunleibhéal)
Fergal McCarthy	Tofa	Gairmoideachas
Anne McElduff	Ainmní	CMÉ (INTO)
Pat McQuaile (Cathaoirleach)	Tofa	Gairmoideachas
Dympna Mulkerrins	Tofa	Bunscoileanna
Micheál Ó Gríofa	Tofa	Bunscoileanna
Alice O'Connell	Tofa	Bunscoileanna
Maree O'Connell	Tofa	Bunscoileanna
Kieran O'Driscoll	Ainmní	Aire
Dr Anne O'Gara	Ainmní	Coláistí Oideachais
Tim O'Meara	Ainmní	AMÉ (TUI)
Bernadine O'Sullivan	Tofa	Iar-bhunscoileanna Deonacha
Eleanor Petrie	Ainmní	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iar-Bhunleibhéal)
Seán Rowley	Tofa	Bunscoileanna
Dr Pauric Travers	Ainmní	Coláistí Oideachais
Milo Walsh	Tofa	Bunscoileanna

## AGUISÍN 3

### Coistí, Grúpaí agus Painéil na Comhairle

Ar mhaithe le héascaíocht a dhéanamh ar a cuid oibre tá roinnt coistí, grúpaí oibre agus painéil bunaithe ag an gComhairle. Tá na mionsonraí faoi fheidhmeanna agus faoi bhallraíocht gach ceann acu seo le fáil anseo thíos:

#### An Coiste Feidhmiúcháin

Is é cuspóir an Choiste Feidhmiúcháin ná éascaíocht a dhéanamh ar fheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil na Comhairle trí ghnóthaí na Comhairle a reáchtáil idir ghnáthchruinnithe ginearálta na Comhairle. Tá siad seo a leanas mar chuid de shainchuspóirí an choiste:

- Feidhmiú mar mheicníocht chomhordaithe chun gníomhú ar thrasghnóthaí de réir mar a eascraíonn siad
- Feidhmiú thar ceann na Comhairle nuair nach féidir cruinniú ginearálta den Chomhairle a eagrú i ngeall ar chúinsí ama nó cúinsí eile
- Orduithe eatramhacha a dhéanamh ar son na Comhairle nuair a bhíonn práinn i gceist agus nuair nach féidir leis an gComhairle cruinniú a eagrú ar fhógra gearr
- Athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle maidir le bunú, ballraíocht, téarmaí tagartha agus leanúnachas coistí
- Tuairisciú go rialta don Chomhairle.

Don bhliain go 27 Márta 2010, bhí 11 ball mar chomhdhéanamh ar an gCoiste Feidhmiúcháin mar seo a leanas:

---

Pat McQuaile (Cathaoirleach)

---

Noel Buckley

---

Emer Egan

---

Ciarán Flynn

---

Dr Jim Gleeson

---

Susie Hall

---

Gerry Malone

---

Fergal McCarthy

---

Anne McElduff

---

Kieran O'Driscoll

---

Seán Rowley

---

#### An Coiste Imscrúdaithe

Nuair a bhíonn Alt 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, ag feidhmiú beidh an Chomhairle, nó aon duine eile, ábalta iarratas a chur faoi bhráid an Choiste Imscrúdaithe maidir le hiniúchadh ar oiriúnacht don chleachtas aon mhúinteora sna cúinsí seo a leanas:

- Má theip ar mhúinteoir i gcomhlíonadh, nó má sháraigh sé/sí Acht na Comhairle Mhúinteoireachta, 2001, an tAcht Oideachais, 1998, an tAcht Oideachais (Leas), 2000, nó na hAchtanna Gairmoideachais, 1930 go 1999, nó aon rialúchán, rialacha nó orduithe atá clúdaithe faoi na hAchtanna seo
- Má shíltear iompar an mhúinteora a bheith i réimse an mhí-iompair ghairmiúil mar atá leagtha síos in Acht na Comhairle Mhúinteoireachta, 2001
- Má bhíonn faillí i gclárú an mhúinteora i ngeall ar eolas míchruinn nó calaoiseach a bheith tugtha nó mífhaisnéis a bheith léirithe nó
- Muna mbíonn ar a c(h)umas teagasc i ngeall ar chúinsí leighis.

Ní bheidh baint ag an gCoiste ach an oiread le gnóthaí laethúla a bhaineann le Conradh ná le haraíonacht, ná ní



bheidh suntas á thabhairt ag an gComhairle do ghearáin ar féidir déileáil níos fearr leo ag an leibhéal áitiúil.

Nuair a shíltear é a bheith cúí a leithéid a dhéanamh, cuirfidh an Coiste an t-iaratas ar aghaidh chuig an gCoiste Araíonachta.

**Don bhliain go 27 Márta 2010, bhí 11 ball mar chomhdhéanamh ar an gCoiste Imscrúdaithe mar seo a leanas:**

---

Gerry Malone (Cathaoirleach)

---

Antoinette Buggle

---

Elaine Devlin

---

Oliver Donohoe

---

Ciarán Flynn

---

Vivienne MacSweeney

---

Anita McCann

---

Dympna Mulkerrins

---

Tim O'Meara

---

Bernadine O'Sullivan

---

Milo Walsh

---

**An Coiste Araíonachta**

Éisteoidh Painéal den Choiste Araíonachta le gearán tarchurtha chuige ón gCoiste Imscrúdaithe. Déantar an éisteacht a reáchtáil de réir Ailt 43 agus Sceidil 3 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus na rialacha agus nósanna imeachta gaolmhara atá dréachtaithe ag an gComhairle. Mar thoradh ar an éisteacht d'fhéadfadh go bhfaigheadh an painéal múinteoir mí-oiriúnach don teagasc, nó d'fhéadfaí an t-iaratas a dhíbirt. Cuireann an painéal a thuairisc faoi bhráid an Choiste Araíonachta. Nuair a shroichtear toradh 'neamh-infheidhme chun teagaisc', gearrann an Coiste smachtbhanna cúí agus d'fhéadfadh go mbeadh aistarraingt clárúcháin go sealadach nó go buan, nó leanúnachas leis an gclárúchán faoi réir ag roinnt coinníollacha.

**Don bhliain go 27 Márta 2010, bhí 13 ball mar chomhdhéanamh ar an gCoiste Araíonachta mar seo a leanas:**

---

Pat McQuaile (Cathaoirleach)

---

Christy Carroll

---

Lily Cronin

---

Eileen Flynn

---

Dr Jim Gleeson

---

Dr Pádraig Hogan

---

Christy Maginn

---

Fergal McCarthy

---

Alice O'Connell

---

Maree O'Connell

---

Kieran O'Driscoll

---

Micheál Ó Gríofa

---

Eleanor Petrie

---

**An Coiste Clárúcháin**

Cuireann an Coiste Clárúcháin comhairle ar fáil don Chomhairle agus déanann sí moltaí faoi gach gné de chlárúchán múinteoirí ag an gComhairle. Baineann an obair seo le comhairle agus le moltaí a chur ar fáil faoi:

- Na rialacha a rialaíonn an clárúchán
- Na próisis a bhaineann lena leithéid de rialacha a chur i bhfeidhm
- An próiseas a úsáidtear chun cinnidh painéal a athbhreithniú
- Comhdhéanamh na dtéarmaí tagartha do na Painéil Iarratas Bunoidreachais agus Iar-bhunoideachais agus don Phainéal ar Fhianaise Carachtair
- Ceapachán measúnóirí chun cuidiú leis na Painéil Iarratas agus leis an bpróiseas ar Athbhreithniú Cinnidh
- Comhairle a chur ar an gComhairle maidir leis an gcineál teastais atá le heisiúint

- Critéir agus treoir don bhreithmheas ar cháilíochtaí don chlárúchán
- Gnóthaí a bhaineann le fianaise carachtair agus leis an bpromhadh.

Mar aon leis sin, déanann an Coiste Clárúcháin, agus é ag feidhmiú thar ceann na Comhairle, athbhreithniú ar chinnidh faoi iarratais don chlárúchán a bhíonn déanta ag na Painéil Iarratais Bunleibhéal agus Iar-bhunleibhéal agus ag an bPainéal ar Fhianaise Carachtair, nuair a éilíonn an t-iarratasóir a leithéid. Déantar é seo de réir an phróisis ar Athbhreithniú Cinnidh atá glactha ag an gComhairle. Is féidir é seo a íoslódáil ó [www.oide.ie](http://www.oide.ie).

### Don bhliain go 27 Márta 2010, bhí 13 ball mar chomhdhéanamh ar an gCoiste Clárúcháin mar seo a leanas:

---

Seán Rowley (Cathaoirleach)

---

Jerry Cronin

---

Oliver Donohoe

---

Ciarán Flynn

---

Ollamh Kathy Hall

---

Jack Keane

---

Micheál Kilcrann

---

Dr Kevin Marshall

---

Fergal McCarthy

---

Dympna Mulkerrins

---

Tim O'Meara

---

Bernadine O'Sullivan

---

Dr Anne O'Gara

---

### An Coiste Airgeadais

Déanann an Coiste Airgeadais maoirseacht ar ghnóthaí airgeadais na Comhairle ar a n-áirítear ullmhúchán an bhuiséid bhliantúil, monatóireacht leanúnach ar theacht isteach agus ar chaiteachas, agus ar shocruithe na Comhairle maidir le cúramaí ginearálta riarachán.

Áirítear mar chuid dá chuid feidhmeanna:

- Athbhreithniú agus tuairisciú ar ghnóthaí airgeadais na Comhairle
- Breathnú maidir leis an mbuiséad bliantúil
- Athbhreithniú a dhéanamh, ag tréimhsí rialta aitheanta le linn timthrialla an bhuiséid bhliantúil, ar iarbhír theacht isteach agus ioncaim i gcoinne an bhuiséid agus deimhniú a dhéanamh nuair is gá go ndéantar buiséad leasaithe a ullmhú
- Monatóireacht a dhéanamh ar dháileadh an chiste airgid
- Athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh maidir le táillí na Comhairle
- Teagmháil a dhéanamh le, agus cuntais a ullmhú do na hiniúcháir agus tuairisciú don Chomhairle maidir le cúinsí airgeadais.

### Don bhliain go 27 Márta 2010, bhí 6 bhall mar chomhdhéanamh ar an gCoiste Airgeadais mar seo a leanas:

---

Fergal McCarthy (Cathaoirleach)

---

Carmel Bradwell (d'éirigh as Meán Fómhair 2009)

---

Mary Brennan (ceaptha Nollaig 2009)

---

Antoinette Buggle

---

Lily Cronin

---

Dr Kevin Marshall

---

Anita McCann

---

### An Coiste Oideachais

Tá freagracht ar an gcoiste seo as aighneachtaí a dhreachtú agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle maidir le raon de ghnóthaí obair na Comhairle ar a n-áirítear:

- Na caighdeáin oideachais agus oiliúna a ba chóir a bheith ag daoine agus iad ag tosú ar chláir oideachais múinteora sa Stát agus an t-athbhreithniú agus creidiúnú ar a leithéid de chláir.
- An t-athbhreithniú ar the chaighdeáin eolais, scile agus inniúlachta is gá don chleachtas teagaisc.

- Gnóthaí a bhaineann le baill nua a ionduchtú chun na gairme
- Cur chun cinn ar oideachas ar thraenáil agus ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí go leanúnach; agus, an t-athbhreithniú agus creidiúnú ar chláir don fhorbairt ghairmiúil leanúnach.
- Cóid iompair ghairmiúil do mhúinteoirí a dhréachtú agus a athbhreithniú.
- Cur chun cinn na múinteoireachta mar ghairm d'iontrálaithe féideartha
- Straitéis chumarsáide na Comhairle
- Polasaí taighde na Comhairle.

Le linn na bliana ar a ndéantar tuairisciú bunaíodh foghrúpa chun dul i mbun oibre ar Pholasaí don Continuum of Teacher Education. Tháinig an grúpa seo le chéile cúig uaire.

**Don bhliain go 27 Márta 2010, bhí 13 ball mar chomhdhéanamh ar an gCoiste Oideachais mar seo a leanas:**

---

Susie Hall (Cathaoirleach)

---

Noel Buckley

---

Christy Carroll

---

Jerry Cronin

---

Emer Egan

---

Dr Jim Gleeson

---

Ollamh Kathy Hall

---

Dr Pádraig Hogan

---

Micheál Kilcrann

---

Vivienne MacSweeney

---

Micheál Ó Gríofa

---

Tim O'Meara

---

Dr Pauric Travers

---

**An Coiste Iniúcháireachta**

Déanann an Coiste Iniúcháireachta monatóireacht ar chórais, ar smachtaí airgeadais agus ar nósanna imeachta na Comhairle lena dheimhniú go mbíonn siad ag feidhmiú ar bhealach ordúil agus éifeachtach.

**Don bhliain go 27 Márta 2010, bhí 5 ball mar chomhdhéanamh ar an gCoiste Iniúcháireachta mar seo a leanas:**

---

Ciarán Flynn (Cathaoirleach)

---

Carmel Bradwell (d'éirigh as Meán Fómhair 2009)

---

Mary Brennan (ceaptha Nollaig 2009)

---

Lily Cronin

---

Emer Egan

---

Vivienne MacSweeney

---

**An Painéal ar Fhianaise Carachtair**

Déanann Painéal ar Fhianaise Carachtair na Comhairle fianaise carachtair iarratasóirí a éilíonn clárúcháin mar mhúinteoirí leis an gComhairle a mheas. Déantar é seo agus aird á tabhairt ar na treoirlínte atá faofa ag an gComhairle, agus atá ar fáil le híoslódáil ó [www.oide.ie](http://www.oide.ie)

Nuair a bhíonn sé mar chinneadh ag an bPainéal go bhfágann fianaise carachtair iarratasóra é/í mí-oiriúnach don chlárúchán, cuirfidh an Painéal a chinneadh, na fáthanna leis an gcinneadh, agus na bealaí chun cinn atá ann don iarratasóir ag an bpointe sin. Ullmhaíonn an Painéal tuairisc ansin le cur faoi bhráid an Choiste Clárúcháin.

Don bhliain go 27 Márta 2010, bhí 7 mball mar chomhdhéanamh ar an bPainéal ar Fhianaise Carachtair mar seo a leanas:

---

Eleanor Petrie (Cathaoirleach)

---

Antoinette Buggle

---

Elaine Devlin

---

Oliver Donohoe

---

Maree O'Connell

---

Tim O'Meara

---

Milo Walsh

---

Don bhliain go 27 Márta 2010, bhí an 7 mball mar seo a leanas mar bhallraíocht ar Phainéal na nIarratas Iar-Bhunscoile:

---

Bernadine O'Sullivan (Cathaoirleach)

---

Carmel Bradwell (éirithe as Meán Fómhair 2009)

---

Mary Brennan (ceaptha Nollaig 2009)

---

Lily Cronin

---

Dr Pádraig Hogan

---

Jack Keane

---

Vivienne MacSweeney

---

Kieran O'Driscoll

---

## Painéal na nIarratas Bunscoile

Déanann an painéal seo athbhreithniú ar na moltaí ón bhfoireann agus/nó ó na meastóirí seachtracha maidir le hoiriúnacht don chlárúchán ag cáilíochtaí na n-iarratasóirí in earnáil na bunscoile. Tuairiscíonn sé don Choiste Clárúcháin.

Don bhliain go 27 Márta 2010, bhí 7 mball mar chomhdhéanamh ar Phainéal na nIarratas Bunscoile mar seo a leanas:

---

Micheál Ó Gríofa (Cathaoirleach)

---

Christy Carroll

---

Emer Egan

---

Christy Maginn

---

Anita McCann

---

Seán Rowley

---

Dr Pauric Travers

---

## Painéal na nIarratas Iar-Bhunscoile

Déanann an painéal seo athbhreithniú ar na moltaí ón bhfoireann agus/nó ó na meastóirí seachtracha maidir le hoiriúnacht don chlárúchán ag cáilíochtaí na n-iarratasóirí in earnáil na hiar-bhunscoile. (ar a áirítear an breisoideachas). Tuairiscíonn sé don Choiste Clárúcháin.

## AGUISÍN 4

### Costais Bhaill na Comhairle 2009

Íoctar costais ón mbaile nó ón ionad oibre le Baill na Comhairle don taisteal chuig cruinnithe bainteach leis an gComhairle. Tionóladh formhór na gcruinnithe do 2009 i Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Seachas costais taistil, ní íoctar aon táillí le baill na Comhairle.

	€	Líon na gcruinnithe a freastalaíodh 2009
<b>Ó 1 Eanáir 2009 go 27 Márta 2009</b>		
D'fhreastail na baill seo a leanas ar an gcéad Chomhairle amháin a raibh deireadh lena théarma oifige i Márta 2009.		
Ollamh Peadar Cremin	1,607.15	6
Ollamh Sheelagh Drudy	131.43	4
Tommy Glynn	1,604.95	9
Justin McCarthy	4,606.22	9
Máire Ní Laoire	3,557.52	7
George O'Callaghan	1,659.66	5
Msgr Dan O'Connor	-	-
Tomás O'Cruadhlaoidh	2,427.21	4
Deidre O'Donoghue	-	-
Dermot Quish	729.43	4
Jacqueline Sheil	2,246.43	11
Jacinta Stewart	-	-
Eileen Ward	498.84	4
Joan Ward	914.52	12
<b>Ó 28 Márta 2009 go 31 Nollaig 2009</b>		
Thosaigh na baill seo a leanas a dtéarma oifige ar an dara Comhairle i Márta 2009.		
Carmel Bradwell <sup>7</sup>	207.83	5
Mary Brennan <sup>8</sup>	645.05	4
Noel Buckley	4,498.39	19
Antoinette Buggle	1,251.45	25
Jerry Cronin	3,704.95	22
Elaine Devlin	1,282.22	14
Eileen Flynn	133.62	1

<sup>7</sup> D'éirigh as 28 Meán Fómhair 2009..

<sup>8</sup> Ceaptha 01 Nollaig 2009.

Ciaran Flynn	881.33	21
Ollamh Kathy Hall	789.61	8
Micheál Kilcrann	464.47	14
Vivienne MacSweeney	5,581.12	20
Fergal McCarthy	7,178.54	21
Alice O'Connell	2,601.13	8
Dr Pauric Travers	671.05	17

### Ó 1 Eanáir 2009 go 31 Nollaig 2009

D'fhreastail siad seo a leanas ar an gcéad Chomhairle go Márta 2009 agus lean siad ar aghaidh ar an dara Comhairle ó Mhárta 2009.

Christy Carroll	6,766.48	24
Lily Cronin	8,240.04	30
Oliver Donohue	753.42	25
Emer Egan	-	33
Dr Jim Gleeson	5,418.02	36
Susie Hall	2,076.35	26
Jack Keane	7,433.40	28
Christy Maginn	1,505.24	17
Gerry Malone	4,623.62	34
Kevin Marshall	175.88	3
Anita McCann	1,752.74	14
Anne McElduff	522.65	11
Pat McQuaile	3,897.67	54
Dympna Mulkerrins	1,915.04	29
Maree O'Connell	2,364.13	11
Kieran O'Driscoll	6,623.14	16
Dr Anne O'Gara	837.83	14
Michéal O'Gríofa	1,233.97	31
Tim O'Meara	8,207.05	34
Bernadine O'Sullivan	2,225.96	29
Eleanor Petrie	803.89	18
Seán Rowley	9,377.94	35
Milo Walsh	7,085.56	29

**Iomlán** **133,714.14**

## AGUISÍN 5

### Ráitis Airgeadais Iniúchta

#### Iniúcháirí

Anne Brady McQuillans DFK  
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe  
Cúirt Iveagh  
Bóthar Earchair  
Baile Átha Cliath 2

#### Seoladh Gnó

Bloc A  
Campas Gnó Mhaigh Nuad  
Maigh Nuad  
Co. Chill Dara

#### Baincéirí

Banc na hÉireann  
Príomhshráid  
Maigh Nuad  
Co. Chill Dara

Banc AIB plc  
Príomhshráid  
Maigh Nuad  
Co. Chill Dara

#### Dlíodóirí

McDowell Purcell Partnership  
Dlíodóirí  
Foirgneamh Capel  
Mainistir Mhuire, Baile Átha Cliath 7

Arthur Cox  
Dlíodóirí  
Lárionad Phort an Iarla  
Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

## CLÁR

Tuairisc na Comhairle	41
Ráiteas ar Dhualgais na Comhairle	42
Tuairisc na nIníúcháirí Neamhspleácha	43
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	45
An Clár Comhardaithe	46
Ráiteas Sreabhadh Airgid	47
Nótaí do na Ráitis Airgeadais	48



## Tuairisc na Comhairle don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2009

Cuireann an Chomhairle a tuairisc i láthair mar aon le ráitis airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2009. Bunaíodh An Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil ar an 28 Márta 2006 de réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

### Príomhghnó

Is é príomhghnó na Comhairle Múinteoireachta ná an mhúinteoireacht mar ghairm, ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile a chur chun cinn, forbairt ghairmiúil múinteoirí a chur chun cinn, agus caighdeán a rialú i ngairm na múinteoireachta. Níor tháinig aon athrú suntasach ar na gníomhaíochtaí sin i rith na bliana dár críoch 31 Nollaig 2009.

### Torthaí

Is é an barrachas a bhí ann don bhliain tar éis dímheas agus cánachas ná €3,054,195 (2008: €1,855,349).

### Forbairtí sa Toghchlaí

Tá sé i gceist ag an gComhairle leanúint ar aghaidh lena cuid gníomhaíochtaí reatha.

### Leabhair Chuntais

Tá sé dlite faoi Roinn 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, go bhfuil an Chomhairle freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a léiríonn go sách cruinn ag am ar bith conas mar atá cuntais airgeadais na heagraíochta. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus dá réir sin as na céimeanna cuí a ghlacadh chun calaoisí nó mírialtachtaí eile a sheachaint. Coimeádtar leabhair chuntais na Comhairle Múinteoireachta ag Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co Chill Dara.

### Iniúcháirí

Tá sé curtha in iúl ag na hIniúcháirí, Anne Brady McQuillans DFK, go bhfuil siad sásta leanúint ar aghaidh in oifig.

### Imeachtaí i ndiaidh dáta an Chláir Chomhardaithe

Ní raibh aon chúinsí ná imeachtaí i ndiaidh deireadh na bliana a éilíonn ceartú nó nochtadh sna ráitis chuntais, nó sna nótaí a ghabhann leo.

Ar son na Comhairle



Lily Cronin  
Cathaoirleach



Áine Lawlor  
Príomhfheidhmeannach/Stiúrthóir

Dáta: 31 Bealtaine 2010

## Ráiteas i leith Freagrachtaí na Comhairle do na Ráitis Airgeadais

Tá an Chomhairle freagrach as an Tuairisc Bhliantúil agus as na Ráitis Airgeadais a ullmhú mar atá dlite agus cuí de réir dlí na hÉireann, ar a áirítear Acht 18 um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus de réir Ghnáthchleachtais Chuntasaíochta in Éirinn, ar a áirítear na caighdeáin chuntasaíochta a eisíonn Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus mar atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Éilíonn dlí na hÉireann ar a áirítear Alt 18(2) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, go n-ullmhóidh an Chomhairle ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais agus go ndéanfaí cur síos cothrom agus fíor iontu ar ghnóthaí na heagraíochta don tréimhse sin.

Tá sé mar dhualgas ar an gComhairle agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu go ndéanfaí:

- polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta ansin
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- cuntais airgeadais a ullmhú mar ghnóthas leantach ach amháin dá mbeadh sé míchuí a cheapadh go leanfadh an eagraíocht leis an ngnó.

Dearbhaíonn an Chomhairle gur chloígh siad leis na riachtanais thuasluaite nuair a bhí na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá freagracht ar an gComhairle leabhair chearta chuntasaíochta a choimeád a léiríonn go sách cruinn ag am ar bith staid airgeadais na heagraíochta agus a chuireann ar a cumas a dheimhniú go ndéantar na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gcleachtais cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn agus de réir dlí reachtúil na hÉireann ar a áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus dá réir sin as na céimeanna is gá a ghlacadh chun calaoisí mó mírialtachtaí eile a sheachaint.

Tá an Chomhairle freagrach as cothabháil agus sláine an ghréasáin idirlín. D'fhéadfadh go mbeadh reachtaíocht na hÉireann maidir le dáileadh ráiteas airgeadais éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Ar son na Comhairle



**Lily Cronin**  
Cathaoirleach



**Áine Lawlor**  
Príomhfheidhmeannach/Stiúrthóir

**Dáta: 31 Bealtaine 2010**

## Tuairisc na nIniúcháirí Neamhspleácha do Bhaill na Comhairle Múinteoireachta

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2009 ar a n-áirítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí ábhartha. Rinneadh na ráitis airgeadais seo a ullmhú de réir coinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir na bpolasaithe cuntasáochta a bhaineann leis sin.

### *Freagrachtaí ar leithligh na Comhairle agus na nIniúcháirí*

Tá freagrachtaí na Comhairle maidir le tuairisc agus ráitis airgeadais á gcur ar fáil de réir dlí na hÉireann ar a áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus de réir na gcaighdeán cuntasáochta atá eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasáochta Airgeadais agus atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Gnáth-chleachtas Cuntasáochta in Éirinn) leagtha síos sa Ráiteas ar Dhualgais na Comhairle.

### *Freagrachtaí ar leithligh na Comhairle agus na nIniúcháirí*

Is é an dualgas atá orainne ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir mar a éilíonn ceanglas dlíthiúil agus rialála na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (an Bhreatain agus Éire).

Tuairicimid ár dtuairim maidir le fírinne agus cothromaíocht na ráiteas airgeadais, do bhaill na Comhairle, mar ghrúpa, de réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 san áireamh. Thugamar faoinár gcuid oibre iniúchta ionas go mbeadh ar ár gcumas ráiteas a dhéanamh le Baill na Comhairle faoi na rudaí a bhfuil dualgas orainn ráiteas a dhéanamh fúthu i dtuairisc iniúcháirí agus d'fhonn sin amháin. Chomh fada agus is féidir, de réir a bhfuil ceadaithe ag an dlí, ní ghlacaimid le nó ní ghabhaimid freagracht i leith éinne eile seachas an eagraíocht agus Baill na Comhairle mar ghrúpa, as ár gcuid oibre iniúchta, as an tuairisc seo nó as an tuairim atá againn faoi.

Dearbhaímid daoibh gurb é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cothrom de réir Gnáth-chleachtas Chuntasáochta in Éirinn agus gur ullmhaíodh iad de réir riachtanas dlí na hÉireann ar a áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Dearbhaímid daoibh freisin gurb é ár dtuairim gur coimeád an eagraíocht leabhair chuí, chuntas, agus go raibh an t-eolas a tugadh i dTuairisc na Comhairle ag teacht leis na ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin léirímid, má tá an t-eolas uile faighte againn agus na míniúcháin is gá dar linn don iniúchadh a rinneamar, agus pé acu atá na leabhair ag réiteach leis na leabhair chuntais.

Tá tuairisc na Comhairle léite againn agus táimid san airdeall faoi na himpleachtaí má chuirtear ar na súile dúinn go bhfuil aon mhíchruinneas suntasach inti.

## Tuairisc na nIniúcháirí Neamhspleácha do Bhaill na Comhairle Múinteoireachta

### *Bunús Dhearcadh an Iniúchta*

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (an Bhreatain agus Éire) atá eisiithe ag an mBord um Chleachtais Iniúchta. Mar chuid den iniúchadh bíonn scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhíonn bainteach leis na méideanna agus an nochtadh a tugadh sna ráitis airgeadais. Áirítear freisin measúnú ar na meastacháin agus ar na breithiúnais shuntasacha a rinne an Chomhairle agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, agus féachaint an bhfuil na polasaithe cuntasáochta oiriúnach do chúinsí na heagraíochta, mar aon le hiad a bheith curtha i gcrích go seasta agus dóthain léirithe tugtha orthu.

Rinneamar pleanáil agus cur i gcrích ar ár n-iniúchadh ar bhealach go bhfuairamar an t-eolas agus na míniúcháin a shíleamar a bhí riachtanach ionas go mbeadh dóthain fianaise againn le bheith muiníneach go leor go raibh na ráitis airgeadais saor ó ráitis mhíchruinn ábhartha, pé acu go calaoiseach, trí mhírialtacht nó trí bhotún. Rinneamar meastóireacht freisin, agus ár dtuairim á cur le chéile againn, ar shástacht iomlán leibhéal an eolais a cuireadh ar fáil sna ráitis airgeadais.

### *Tuairim*

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais:

- dearcadh fíor agus cothrom, de réir Gnáth-chleachtais Chuntasaíochta in Éirinn, ar staid ghnóthaí na Comhairle ar an 31 Nollaig 2009 agus ar a cuid torthaí do dheireadh na bliana agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir riachtanas dlí na hÉireann agus Alt 18 den Alt um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 san áireamh.

Tá an t-eolas go léir agus na míniúcháin go léir againn a shílimid a bheith riachtanach do ghnóthaí an iniúchta. Is é ár dtuairim gur choimeád an eagraíocht leabhair chearta, chuntais. Tá na ráitis airgeadais ag réiteach leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an t-eolas i dtuairisc na Comhairle ag teacht leis na ráitis airgeadais.

**Anne Brady McQuillans DFK**

**Cuntasóirí Cairte & Iniúcháirí Cláraithe**

**Cúirt Iveagh**

**Bóthar Earchair**

**Baile Átha Cliath 2**

**Dáta: 31 Bealtaine 2010**

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2009

		2009 €	2008 €
<b>Ioncam</b>	<b>Nótaí</b>		
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta		-	762,332
Táillí Clárúcháin agus Measúnaithe		6,711,842	5,274,879
Táillí Iarratais		30,000	10,000
Ioncam Eile		1,250	2,016
<b>Iomlán an Ioncaim</b>	<b>2</b>	6,743,092	6,049,227
<b>Caiteachas</b>			
Costais Chóiríochta		(279,051)	(256,603)
Costais Foirne		(1,874,768)	(2,105,651)
Costais Eile Riaracháin		(734,618)	(619,696)
Costais Chúrsaí, Comhdhálacha agus Cruinnithe		(197,865)	(170,808)
Costais Chlárúcháin agus Fíorúcháin		(251,034)	(349,096)
Costais Theicneolaíocht an Eolais		(116,368)	(165,402)
Costais Chumarsáide agus Oideachais		(204,603)	(494,410)
Cailliúint ar dhiúcairt shócmhainní inláimhsithe		(757)	-
Dímheas	<b>7</b>	(120,448)	(70,946)
<b>Iomlán an Chaiteachais</b>		(3,779,512)	(4,232,612)
Ús gnóthaithe agus ioncam den chineál céanna		90,865	39,229
<b>Barrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí roimh cháin</b>	<b>3</b>	3,054,445	1,855,844
Cáin	<b>6</b>	(250)	(495)
<b>Barrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí i ndiaidh cánach</b>		3,054,195	1,855,349

Níl aon ghnóthachain ná cailliúintí aitheanta don tréimhse seachas an toradh airgeadais thuasluaite. D'eascair an toradh don tréimhse go hiomlán ó na hoibriúcháin leantacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais sin na nótaí ar leathanaigh 48 go 56.

Thug an Chomhairle faomhadh do na ráitis airgeadais seo agus síníodh iad ar a son ag



Lily Cronin  
Cathaoirleach



Áine Lawlor  
Príomhfhéidhmeannach/Stiúrthóir

Dáta: 31 Bealtaine 2010

## Clár Comhardaithe mar a bhí ag 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009		2008	
		€	€	€	€
<b>Bunsócmhainní</b>					
Sócmhainní inláimhsithe	<b>7</b>		356,462		352,138
Infheistíochtaí	<b>8</b>		10,594		34,395
			<u>367,056</u>		<u>386,533</u>
<b>Sócmhainní Reatha</b>					
	<b>9</b>	4,670		92	
Fiachóirí		<u>4,871,862</u>		<u>2,432,415</u>	
Airgead ar láimh sa bhanc		4,876,532		2,432,507	
<b>Creidiúnaithe: Na méideanna a bheidh le n-íoc laistigh de bhliain amháin</b>	<b>10</b>	(66,748)		(696,395)	
<b>Glansócmhainní Reatha/ (Dliteanais)</b>			<u>4,809,784</u>		<u>1,736,112</u>
<b>Iomlán na Sócmhainní Líide Dliteanais Reatha</b>			<u>5,176,840</u>		<u>2,122,645</u>
<b>Cúlchistí</b>					
Cúlchiste Ainmnithe	<b>11</b>		1,000,000		300,000
Cúlchistí Ginearálta	<b>11</b>		<u>4,176,840</u>		<u>1,822,645</u>
<b>Iomlán na gCistí</b>			<u>5,176,840</u>		<u>2,122,645</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais sin na nótaí ar leathanaigh 48 go 56.

Thug an Chomhairle faomhadh do na ráitis airgeadais seo agus síníodh iad ar a son ag



Lily Cronin  
Chairperson



Áine Lawlor  
CEO/Cathaoirleach

## Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2009

	Notes	2009 €	2008 €
<b>Imréiteach ar bharrachas oibriúcháin go sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>			
Barrachas oibriúcháin (roimh ús a fháil)		2,963,580	1,816,615
Dímheas		120,448	70,946
Cailliúint ar dhiúscairt shócmhainní inláimhsithe (Méadú) na bhfiachóirí		757	-
(Laghdú) / méadú na gcreidiúnaithe		(4,425)	(92)
		(629,336)	154,812
<b>Glanshreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>		<b>2,451,024</b>	<b>2,042,281</b>
<b>Ráiteas faoi Shreabhadh</b>			
Glanshreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<b>15</b>	2,451,024	2,042,281
Brabús ar infheistíochtaí agus Seirbhís a dhéanamh ar Airgeadas	<b>15</b>	90,865	39,229
Cáin	<b>15</b>	(714)	(184)
Caiteachas Caipitil agus infheistíocht airgeadais		(101,728)	(108,132)
<b>Méadú ar airgead tirim sa bhliain</b>		<b>2,439,447</b>	<b>1,973,194</b>
<b>Imréiteach ar insreabhadh airgid chuig gluaiseacht i nglanchistí</b>			
Méadú ar an airgead tirim sa bhliain		2,439,447	1,973,194
Glanchistí ag 1 Eanáir 2009		2,432,415	459,221
<b>Glanchistí ag 31 Nollaig 2009</b>		<b>4,871,862</b>	<b>2,432,415</b>

## Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2009

### 1. Polasaithe Cuntasaíochta

#### 1.1. Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir gnáth-phrionsabail na cuntasaíochta inghlactha leo in Éirinn agus de réir dlí na hÉireann. Caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glactha leo go ginearálta in Éirinn agus ráitis airgeadais á n-ullmhú, ag tabhairt dearcadh fíor agus cothrom faoi mar atá fógartha ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn, agus eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta Airgeadais.

#### 1.2. Ioncam

Is ionann ioncam agus an t-airgead a fuarthas ó tháillí clárúcháin agus measúnaithe a fuarthas le linn na bliana. Déantar an t-ioncam/na táillí uile a fuarthas a chuntas ar bhonn admhálacha.

#### 1.3. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Déantar ráiteas faoi shócmhainní seasta inláimhsithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil lúide dímheas carntha. Déantar dímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe uile a sholáthar, ag rátaí a dhéanann an costas a chealú lúide luach iarmharach gach sócmhainn ar an bhfad saoil úsáideach a mbeifí ag súil leis, mar seo a leanas:

Daingneáin, Feistithe agus Trealamh:	- 10% líne dhíreach
Trealamh Ríomhaireachta	- 33.33% líne dhíreach
Bogearraí Ríomhaireachta	- 20% líne dhíreach

Déantar dímheas leantach ar na sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú go bliantúil féachaint an bhfuil aon lagú i dtréimhsí dá léireodh tarlaithe nó athraithe i gcúinsí nach bhfuil aon teacht aniar sa luacháil iasachta.

#### 1.4. Infheistíochtaí

Déantar ráiteas faoi infheistíochtaí na mbunsócmhainní mar atá lúide soláthar do chaillteanas ina luach. Tugtar aitheantas sa chuntas caiteachais d'ioncam ó infheistíochtaí bunsócmhainní mar aon le cáin shiarchoinneálach sa bhliain inar gnóthaíodh é.



## Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2009

### 1.5. Pinsin

Tá scéim phinsin le sochar sainithe i bhfeidhm ag an gComhairle dá cuid fostaithe. Tá an scéim bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí agus tá sé faofa ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus an Aire Airgeadais. Íoctar na sochair phinsin iníoctha faoin scéim as an Státchiste.

Mar aon leis seo, tá sainchomharthaí faoi leith ag socruithe na Comhairle:

- íocann an Chomhairle ranníocaíocht socraithe don Roinn Oideachais agus Eolaíochta.
- is ionann an ranníocaíocht agus cuid an fhostaí mar aon le cuid an fhostóra. De réir pholasaí an rialtais faoi phinsin san earnáil phoiblí íocann an fostóir 25% den phá comhlán ar son na bhfostóirí atá ag íoc ÁSPC ag ráta A agus 30% den phá comhlán d'fhostóirí atá ag íoc ÁSPC ag ráta D.
- tá gealltanais dearfa ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar aon leis an Roinn Airgeadais go n-íocfaidh an Státchiste costas na sochar nuair a bheidh siad iníoctha.

Is é tuairim na Comhairle gurb ionann na socruithe pinsin thuas ó thaobh airgid de, mar a fheictear don Chomhairle é, agus scéim phinsin le ranníocaíocht shainithe. Tá an Comhairle den tuairim nach bhfuil na forálacha sa scéim FRS 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a eascraíonn de bharr scéim le sochar sainithe, feiliúnach dá cuid cúinsí. Dá réir sin mínítear an ranníocaíocht amhail is dá mba scéim le ranníocaíocht sainithe í.

### 1.6. Cárán

Bunaítear an costas bliantúil cánach ar ioncam éighníomhach na bliana agus ríomhtar é ag tagairt don ráta cánach a dhlítear ar an dáta atá ar an gclár comhardaithe.

### 1.7. Cúlchistí Ainmnithe

Tá rún diombháilte ag an gComhairle gur féidir leo suimeanna airgid gan teorainn a chur ar leataobh i gcomhair cúiseanna ainmnithe sa todhchaí, mar is rogha leo. Nuair nach bhfuil gá leis na suimeanna sin don chúis a bhí i gceist, scaoilfear iad ar ais sa Chúlchiste Ginearálta

## 2. Ioncam

Tá ioncam na heagraíochta don bhliain faighte ón bpríomhghníomhaíocht acu, a dtugtar fúithi go hiomlán in Éirinn.

## Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2009

*3. Barrachas Oibriúcháin*

	<b>2009</b>	<b>2008</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>

Tá an Barrachas Oibriúcháin luaite tar éis costais:

Dímheas	120,448	70,946
Cailliúint ar dhiúscairt shócmhainní seasta inláimhsithe	757	-
Luach saothair na nIníochóirí	7,190	7,500

*4. Fostaithe*

	<b>2009</b>	<b>2008</b>
	<b>Number</b>	<b>Number</b>

Uimhir na bhfostaithe

Ba é meán uimhir mhíosúil na bhfostaithe le linn na bliana:

Oifig agus bainistíocht	41	41
-------------------------	----	----

**Costais fostaíochta**

	<b>2009</b>	<b>2008</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>

Pá agus tuarastail	1,709,879	1,671,528
Costais shlándála sóisialaí	125,201	127,037
Costais eile foirne	5,203	5,036
Costais Pinsean	(10,548)	260,539
Costais traenála foirne	45,033	41,511
	<b>1,874,768</b>	<b>2,105,651</b>

*5. Costais Pinsean*

Is ionann sochar an phinsin agus na ranníocaíochtaí a íoctar don chiste pinsean ar son na Comhairle don mhéid €290,071 lúide na fiachais phinsin sa bhreis a íocadh sna blianta a chuaigh romhainn. Is ionann iomlán na gcostas pinsean agus €(10,548) (2008: €260,539).

## Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2009

<i>6. Cáin</i>	<b>2009</b>	<b>2008</b>
	€	€
<b>Cáin don bhliain reatha</b>		
Cáin ioncaim	250	403
<b>Blianta roimhe seo</b>		
Cáin ioncaim	-	92
	<u>250</u>	<u>495</u>

Tá díolmhaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta ó Cháin Ioncaim maidir lena cuid gníomhaíochtaí. Tá dualgas cánach i gceist le hioncam éighníomhach, más ann dó (ar nós ús ar thaiscíl).

## Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2009

## 7. Sócmhainní seasta

	Daingneáin agus Feistis €	Bogearraí ríomhaireachta €	Trealamh ríomhaireachta €	Iomlán €
<b>Costas</b>				
Ag 1 Eanáir 2009	131,290	170,864	177,090	479,244
Aguisíní	37,909	55,057	34,893	127,859
Diúscairt earraí	-	-	(12,376)	(12,376)
Ag 31 Nollaig 2009	169,199	225,921	199,607	594,727
<b>Dímheas</b>				
Ag 1 Eanáir 2009	18,109	25,051	83,946	127,106
Um diúscairt	-	-	(9,289)	(9,289)
Costas don bhliain	15,606	40,761	64,081	120,448
Ag 31 Nollaig 2009	33,715	65,812	138,738	238,265
<b>Glanluach leabhar</b>				
Ag 31 Nollaig 2009	135,484	160,109	60,869	356,462
Ag 31 Nollaig 2008	113,181	145,813	93,144	352,138

Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2009

*8. Infheistíochtaí*

	<b>Infheistíochtaí liostaithe</b>	<b>Iomlán</b>
	€	€
<b>Costas</b>		
Ag 1 Eanáir 2009	34,395	34,395
Fuascailt i rith na bliana	(23,801)	(23,801)
Ag 31 Nollaig 2009	<u>10,594</u>	<u>10,594</u>
<b>Glanluach leabhar</b>		
Ag 31 Nollaig 2009	<u>10,594</u>	<u>10,594</u>
Ag 31 Nollaig 2008	<u>34,395</u>	<u>34,395</u>

San áireamh sna hinfeistíochtaí tá bannaí agus stoc Rialtais, a bhfuil luach margaidh níos airde orthu ná an luach a léirítear thuas.

*9. Fiachóirí*

	<b>2009</b>	<b>2008</b>
	€	€
Fiachóirí eile	<u>4,670</u>	<u>92</u>
San áireamh le fiachóirí eile:	<b>2009</b>	<b>2008</b>
	€	€
Cáin ioncaim le haisíoc	<u>153</u>	<u>-</u>

## Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2009

<i>10. Creidiúnaithe: Na méideanna atá le n-íoc laistigh de bhliain amháin</i>	<b>2009</b>	<b>2008</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Cáin ioncaim	-	311
Cánacha eile agus costais shlándála sóisialaí	6,345	2,948
Creidiúnaithe eile	-	592,200
Fabhraithe	60,403	100,936
	66,748	696,395
	<b>2009</b>	<b>2008</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>

San áireamh le cánacha eile agus costais eile slándála sóisialaí:

CBL	2,833	2,948
ÍMAT / ÁSPC	851	-
PSWT	2,661	-
	6,345	2,948

<i>11. Cúlchistí</i>	<b>Cúlchiste ginearálta</b>	<b>Cúlchiste ainmnithe</b>	<b>Iomlán</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
<b>Cúlchistí tosaigh</b>	1,822,645	300,000	2,122,645
Barrachas don bhliain	3,054,195	-	3,054,195
Gluaiseachtaí eile	(700,000)	700,000	-
Cúlchistí deiridh	4,176,840	1,000,000	5,176,840

De réir straitéis airgeadais na Comhairle, bunaíodh na cúlchistí ainmnithe mar chiste teagmhais chun aon chostas mór a d'fhéadfadh a theacht ó dhúshlán dlíthiúil d'aon chuid d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001 agus ó aon Rialú de chuid na Comhairle. De réir polasaí cuntasáochta na Comhairle san áit nach mbeidh gá a thuilleadh leis na cistí seo scaoilfear ar ais sa Chúlchiste Ainmnithe iad.

## Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2009

*12. Gealltanais Chaipitil*

2009

2008

€

€

Tá sonraí na nGealltanais Chaipitil ar dháta na cuntasáíochta mar seo a leanas:

Ceadaithe ach gan a bheith foráilte sna ráitis airgeadais	120,000	17,000
---	---------	--------

Thug an Chomhairle faomhadh do chostais crua-earraí i gcomhair Theicneolaíocht an Eolais i mbuiséad 2010.

*13. Dliteanais Theagmhasacha*

Tá caingean dlí ar feitheamh i gcoinne na Comhairle Múinteoireachta i leith stádas chláráithe duine de na baill. Tá an Chomhairle Múinteoireachta ag troid an cháis go huile is go hiomlán. Tar éis comhairle dhlíthiúil a fháil creideann an Chomhairle go mbeidh an bua ag an gComhairle Mhúinteoireachta sa chás ina coinne. Mar gheall ar go bhfuil an cás ar siúl go fóill ní fios cén toradh a bheidh ann agus níl aon sholáthar déanta i gcomhair na gcostas atá ceangailte leis an gcás.

*14. Gnóthaí Chomhghaolmhara*

De réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, tá sé dlite do na baill aisíoc a fháil ar chostais a caitheadh le linn dóibh a bheith ag obair don Chomhairle agus do Choistí na Comhairle. Ba chóir do na baill, ar múinteoirí iad, a gcuid ballraíochta a athnuachan gach bliain. Déantar na gnóthaí seo go léir ar bhonn fad láimhe agus tá siad curtha le chéile sna ráitis airgeadais seo.

## Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2009

<i>15. Oll-shreabhadh Airgid</i>	<b>2009</b>	<b>2008</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
<b>Torthaí ar Infheistíochtaí agus Seirbhís ar airgeadas</b>		
Ús gnóthaithe	90,865	39,229
<b>Cáin</b>		
Cáin Ioncaim íoctha	(714)	(184)
<b>Caiteachas Caipitil agus infheistíocht airgeadais</b>		
Íocaíochtaí chun sócmhainní inláimhsithe a fháil	(127,859)	(108,132)
Admhálacha ó dhíolachán sócmhainní inláimhsithe	2,330	-
	23,801	-
Admhálacha ó dhíolachán infheistíochtaí	(101,728)	(108,132)

*16. Anailís ar Athruithe na nGlanchistí*

	<b>larmhéid tosaigh</b>	<b>Sreabhadh airgid thirim</b>	<b>larmhéid deiridh</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	2,432,415	2,439,447	4,871,862
Glanchistí	2,432,415	2,439,447	4,871,862

*17. Faomhadh do na Ráitis Airgeadais*

Thug an Chomhairle faomhadh do na ráitis airgeadais ar an 31 Bealtaine 2010 agus síníodh iad ar a son ag



Lily Cronin  
Cathaoirleach



Áine Lawlor  
Príomhfheidhmeannach/Stiúrthóir